An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

# Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2014

**Clár Ábhair**

1. Réamhrá, Comhthéacs agus Forléargas

2. Beartas Caiteachais agus Bainistíocht

3. Comhoibriú Idirnáisiúnta: Beartas Comhtháthaithe, Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Beartas Aeráide

4. Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair

5. Sócmhainní Stát

6. Athchóiriú Polaitíochta

7. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Athnuachan na Státseirbhíse agus Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí

8. Caidreamh Tionsclaíoch agus Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí Inbhuanaithe

9. Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais & ríomhRialtais

10. Seirbhísí Comhroinnte

11. An Oifig um Sholáthar Rialtais

12. Cumas agus Rialachas Roinne

13. Oifig an Phríomhoifigigh Leighis

## 1. Réamhrá, Comhthéacs agus Forléargas

Dé réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, ullmhaítear agus cuirtear Ráiteas Straitéise do thréimhse trí bliana i láthair gach Aire. Ar an dá thosaíocht straitéiseach foriomlán a bhí i Ráiteas Straitéise 2011-2014 na Roinne bhí:

> Bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas poiblí ag leibhéil níos inbhuanaithe ar bhealach atá pleanáilte, réasúnach agus cothromaithe chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmíocht eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta na hÉireann, agus
>
> Struchtúir riaracháin agus rialachais poiblí a bheith ann atá trédhearcach, éifeachtúil, cuntasach agus freagrach.

Tá an dá thosaíocht sin ag teacht le chéile agus nasc eatarthu. Cuidíonn treallús a chur faoin gclár athchóirithe le caiteachas poiblí a dhéanamh níos inbhuanaithe agus tá bainistíocht dhaingean a dhéanamh ar an gcaiteachas mar údar gríosaithe ann féin.

Ceanglaíonn an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 freisin tuarascáil a sheoladh chuig an Aire maidir le dul chun cinn ó thaobh freastal ar na cuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas straitéise.

Cuir an Ráiteas Straitéise 2011-2014 clár athraithe agus athchóirithe a bhí thar a bheith uaillmhianach thar thréimhse ghearr mar dhualgas ar an Roinn. Bhí sé sin le déanamh i dtimpeallacht nach raibh chomh dúshlánach riamh roimhe seo, ag tabhairt san áireamh chomh tábhachtach is a bhí sé aisghabháil a dhéanamh ar ár gceannasacht eacnamaíoch, tacaíocht a thabhairt d'fhorás eacnamaíoch, fostaíocht a chur chun cinn agus cothabháil a dhéanamh ar chomhtháthú sóisialta. Leanann an Tuarascáil seo amach an bealach ina ndearna an Roinn seo dianiarracht le freastal ar a cuid cuspóirí faoi Ráiteas Straitéise le caomhnú a dhéanamh air agus le tacaíocht a thabhairt don iarracht maidir le téarnamh náisiúnta foriomlán.

Lean geilleagar na hÉireann ag teacht chuige féin sa bhliain 2014, nuair a d'éirigh leis imeacht ón gclár cúnaimh idirnáisiúnta ag deireadh na bliana 2013. Bhí cobhsú caiteachas poiblí chuig leibhéal inbhuanaithe agus le tacaíocht ó ioncam a bhí ar chumas an Rialtais a theacht air mar bhonn do theacht chun críche an chláir troika. Lean inbhuanaitheacht caiteachas poiblí, lena n-áirítear pá agus pinsin na hearnála poiblí, de bheith mar príomhfhócas i ngníomhaíochtaí na Roinne sa bhliain 2014.

Lean an Roinn le seachadadh a dhéanamh ar aschur suntasach ó thaobh a misean agus a cuspóirí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2011-2014. Tá siad sin leagtha amach go mionsonraithe i gcaibidil éagsúla na tuarascála seo, ach is fiú béim a chur ar roinnt mór-éachtaí le sainbhrí foriomlán a thabhairt ar an mbealach ar thacaigh gníomhaíocht na Roinne lena straitéis sa bhliain 2014:

(i) Rinne an Roinn seachadadh ar an gcuid caiteachais de Bhuiséad na bliana 2015 agus chuir Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2015-2017 ar fáil laistigh de thimpeallacht lenar bhain níos mó cinnteachta maidir le bainistíocht a dhéanamh ar airgeadas poiblí, éascú a dhéanamh ar acmhainní teoranta a leithdháileadh chuig an áit is mó ar thacaigh siad le seirbhísí poiblí riachtanacha; tugadh faoi athbhreithniú ar Chaiteachas Caipitil (le dréacht-tuarascáil le tabhairt chun críche i Ráithe 1 de 2015) agus seoladh Plean Spreagtha Státchiste (€200m) eile i mí na Bealtaine 2014. Cuireadh beartas maidir le huimhreacha na seirbhíse poiblí athbhreithnithe agus socruithe tarmligthe nua le chéile sa bhliain 2014 (atá le leathadh amach sa bhliain 2015). Rinne an Roinn forbairt freisin ar chur chuige nua le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna

maidir le Tithíocht Shóisialta a sholáthar, lena n-áirítear cur chuige Comhpháirtíocht Phríobháidí Poiblí (PPP) nua le tithíocht shóisialta a sheachadadh;

(ii) Thacaigh an Roinn le feidhmiú leanúnach Chomhaontú Bhóthar Haddington agus leis an bpróiseas Buiséadach. Rinne na bearta coigiltis agus táirgiúlachta (rinneadh leithdháileadh ar os cionn €460m i gCoigilteas HRA sa bhliain 2014) seachadadh ar dhíbhinn athchóirithe rud a thug an deis le haghaidh foireann spriocdhírithe a earcú;

(iii) Sa réimse pinsin, thacaigh an Roinn le cur i bhfeidhm na Scéime Pinsean Aonair i gcomhlachtaí cuí agus rinne monatóireacht ar oibriú reachtaíochta FEMPI (Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail), chuir comhairle ar fáil don Aire maidir le scéimeanna pá agus pinsean na Seirbhíse Poiblí agus saincheisteanna IR. Bhí an Roinn bainteach le scéimeanna pinsin na gcomhlachtaí Tráchtála Stáit, lena n-áirítear An Post, Coillte, Eircom agus Bord Gáis agus oibriú na Scéime um Íocaíochtaí Dócmhainneachta Pinsean (PIPS), le trí scéim bhreise sa bhliain 2014 agus tabhairt chun críche dhá scéim *Waterford Crystal* chuig PIPS, chomh maith le leanúint le pinsin a riaradh (le tréchur de os cionn 2,600 cás custaiméara) agus bainistiú caiteachais faoi Aoisliúntais - Vóta 12;

(iv) Rinne an Roinn leathnú ar Sheirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann, ag tabhairt isteach struchtúir bhainistíochta foirmiúil, clár CPD agus prótacal soghluaiseachta foirne. Cuireadh tuilleadh feabhais ar an láithreán gréasáin Ireland Stat le heolas feidhmíochta a thabhairt san áireamh do 35 clár Rialtais;

(v) Chuir an Oifig Athchóirithe agus Seachadta sa Roinn treallús faoi fheidhmiú an Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ar fud na seirbhíse poiblí le fócas faoi leith ar bhearta laghdaithe costais agus éifeachtúlachta agus cuireadh tús le forbairt ar Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí nua/an dara plean do 2014-2016. Seoladh Plean Athnuachana na Státseirbhíse;

(vi) Lean Aonad Athchóirithe Rialtas na Roinne le dul chun cinn a dhéanamh ar líon suntasach reachtaíochta le hathchóiriú a dhéanamh ar ár gcreat polaitiúil, cur le trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr sa Rialtas agus le cur le muinín an phobail i bhforais an Stáit. Áirítear orthu sin an tAcht um Nochtadh Cosanta, Clárú an Bhille um Brústocaireacht agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise;

(vii) Lean an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) le soláthar a lánpháirtiú sa tseirbhís phoiblí le luach níos fearr ar airgead a bhaint amach maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthar. Rinne an OGP dearadh agus chuir gnéithe nua i bhfeidhm ar ríomhThairiscintí le feabhas a chur ar thrédhearcacht tairiscintí agus chun tacaíocht a thabhairt d'SME-anna. Bunaíodh ocht gcinn d'fhoirne Foinsithe Catagóire, trí chlár leathan earcaíochta, ag meaitseáil scileanna & taithí le portfóilíonna caiteachais ábhartha agus le láithreacha oifige. D'aithin an Oifig deiseanna coigiltis soláthair de €80.3m (le baint amach sa bhliain 2015) ar fud 35 tionscnamh i gcúig Phortfóilió OGP;

(viii) B'ionann an bhliain 2014 agus tréimhse lenar bhain athrú laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte agus den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte araon. Cuireadh roinnt mhaith bacainní as an mbealach le clár athchóirithe an Rialtais maidir le seachadadh seirbhís chorparáideach sa Státseirbhís a chur chun cinn. Thosaigh 10,500 fostaí breise ó 9 n-eagraíocht an bhliain sin ar idirbhearta Acmhainní Daonna a dhéanamh le PeoplePoint, an tSeirbhís Chomhroinne HR don Státseirbhís;

(ix) Rinne Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais dul chun cinn suntasach i bhforbairt straitéis TFC don tSeirbhís Phoiblí, rinne seachadadh ar straitéis cumarsáid aontaithe (UC) maidir le

cumarsáid agus le hacmhainn agus seirbhísí ríomhaireachta a lánpháirtiú agus infrastruchtúr néalríomhaireachta príobháideach a bhunú chomh maith le héascú a dhéanamh ar fheabhsúcháin shuntasacha i dtáirgiúlacht sa Roinn trí réitigh IT a fhorbairt agus a leathadh amach do nósanna imeachta gnó.

(x) Rinne an Roinn tuilleadh forbartha ar a creat rialachais, lena n-áirítear feabhas a chur ar a bainistíocht riosca agus ar chreataí comhlíonta trí Fhochoiste Rialachais den Bhord Bainistíochta a bhunú agus trí fhorbairt a dhéanamh ar ról an Phríomhoifigigh Oibríochta laistigh den Roinn;

(xi) Thacaigh feidhm Acmhainní Daonna na Roinne le bunú agus le hoibríocht leanúnach na nOifigí Seirbhísí Comhroinnte, OGP agus OGCIO laistigh den Roinn agus rinne bainistíocht ar thabhairt isteach 400 duine sa Roinn, seirbhísigh phoiblí a bhí ann cheana agus a d'aistrigh ó chomhlachtaí eile agus daoine nua a earcaíodh. Thacaigh an t-aonad le os cionn 600 den fhoireann trí fhoghlaim agus forbairt sa bhliain 2014 agus trí rannpháirtíocht bhreise i bhforbairt ghairmiúil leanúnach.

Tá dul chun cinn na Roinne maidir le spriocanna, straitéis agus aschuir atá ina Ráiteas Straitéise don tréimhse 2011-2014 leagtha amach níos mionsonraithe i gcaibidil téamacha na tuarascála seo.

## 2. Beartas Caiteachais agus Bainistíocht

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

- Cinnteacht níos mó maidir le leibhéal caiteachais meántéarmach le héascú a dhéanamh ar phleanáil, ar athchóiriú agus ar sheachadadh struchtúrach ar aon dul le spriocanna foriomlán fioscacha.
- Dian-bhainistíocht ar chaiteachas poiblí gach aon bhliain ar aon dul leis na hacmhainní atá ar fáil agus atá i bhfad níos lú.
- Acmhainní a leithdháileadh agus aird á tabhairt ar thorthaí eacnamaíoch agus sóisialta.
- Athchóiriú ar an bpróiseas buiséadach le cinnteacht a chur chun cinn maidir le leibhéal agus le comhdhéanamh leathan caiteachas poiblí thar an meántéarma.
- Cloí le spriocanna atá sonraithe i gClár Tacaíochta AE/IMF.

Chomh maith leis an gclár athchóirithe comhlántach agus comhshnaidhmeach, tá baint amach agus bainistíocht ar chreat caiteachais inbhuanaithe i gcroílár mhisean na Roinne. Sa bhliain 2014, d'oibrigh an Roinn go dlúth le Ranna eile chun a chinntiú go raibh na cuspóirí a bhí leagtha síos i Ráiteas Straitéise 2011-2014 bainte amach. Is féidir na príomhnithe atá bainte amach ag an Roinn a chatagóiriú mar a leanas:

- Bainistíocht ar phróisis mheastacháin ar a raibh comhaontú na Roinne i leith caiteachas comhiomlán don bhliain 2015 mar thoradh air, rud a chinntigh caiteachas inbhuanaithe ar aon dul le tosaíochtaí an Rialtais.
- Bainistíocht ar chaiteachas Vótáilte laistigh de thairseacha ceadaithe.

**Bainistíocht ar an bPróiseas Meastacháin**

D'éirigh le hÉirinn imeacht ón gclár Troika ag deireadh na bliana 2013. Bhí an Roinn i mbun idirchaidrimh agus rannpháirteach leis an Troika ar ábhair chaiteachais sa bhliain 2014 agus bhí sí rannpháirteach i gcruinnithe foirmiúla monatóireachta iar-chláir agus rinne idirbheartaíocht maidir le ráitis agus tuarascála an Athbhreithnithe deiridh chun a chinntiú gur léiríodh tuairimí na hÉireann agus go raibh na tuarascálacha ar aon dul leis na díospóireachtaí a bhí ar bun.

Sa bhliain 2014, thug an Roinn an dara hAthbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas chun críche chun eolas a chur ar fáil do chinntí Rialtais maidir le leithdháiltí caiteachais don tréimhse trí bliana atá amach romhainn. Tá an tAthbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas mar phríomhghné den Chreat Caiteachais Meántéarmach (MTEF), ina leagtar amach tairseach maoinithe trí bliana ar chaiteachas Rialtais agus tairseach trí bliana maidir le cad is féidir le gach aon Roinn a chaitheamh. Tá sé mar chuid ríthábhachtach de bhainistíocht airgeadais phoiblí. Is í an aidhm fhoriomlán a chinntiú go gcaithfimid na hacmhainní atá ar fáil ar an mbealach is fearr is féidir. Bhí an t-athbhreithniú faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus bhí gach Roinn Rialtais rannpháirteach ann ó thaobh anailís a dhéanamh ar an gcaiteachas reatha agus ar bhrúnna amach anseo. Chuir an Roinn a cuid anailíse tacaíochta féin ar fáil freisin. Chuir toradh an athbhreithnithe sraith roghanna cinntí ar fáil don Rialtas a fhreastalódh air:

- caiteachas a ailíniú leis an gClár leasaithe do thosaíochtaí Rialtais;
- freastal ar chuspóirí foriomlán fioscacha; agus
- bealaí nua agus nuálacha a fhiosrú maidir le seachadadh a dhéanamh ar bheartas Rialtais in Earnáil Phoiblí athchóirithe.

Ag teacht as an athbhreithniú, chuir an Roinn comhairle agus roghanna ar fáil don Rialtas le heolas a sholáthar do Bhuiséad na bliana 2015. Leag sé amach leithdháileadh beartaithe d'acmhainní airgeadais an Rialtais don bhliain 2015. Bhí na leithdháiltí ar fáil sa Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas 2015-2017, a d'fhoilsigh an Roinn in éineacht le Buiséad na bliana 2015.

D'fhoilsigh an Roinn, sa ráithe dheiridh den bhliain 2014, an tImleabhar Meastacháin Athbhreithnithe 2015 a leag amach leithdháiltí caiteachais do 2015. Chiallaigh an tráthchlár nua le haghaidh foilseachán atá ar aon dul le rialacha nua AE agus atá ag teacht le ceanglais Bhunreachtúla, gur comhaontaíodh an tImleabhar Meastacháin Athbhreithnithe agus gur foilsíodh é laistigh d'fhráma ama an-chúng faoi dheireadh na bliana. Bhí an Roinn i dteagmháil le Coistí Oireachtais chun cead tráthúil na Meastacháin faoi dheireadh na bliana 2014 a chinntiú. Áiríodh eolas feidhmíochta do gach Vóta in Imleabhar Meastacháin Athbhreithnithe 2015 freisin, a leag amach na príomhsheirbhísí agus príomhghníomhaíochtaí atá maoinithe ag acmhainní poiblí agus bearta ardleibhéil comhthéacs agus tionchar na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí sin. Tugadh an láithreán gréasáin *Ireland Stat* píolótach (irelandstat.gov.ie), tairseach faisnéise feidhmíochta seirbhíse poiblí pobail cothrom le dáta freisin agus áirítear ann anois os cionn 1,200 méadracht do 35 Clár Straitéiseach ar fud 11 Grúpa Vóta Aireachta.

**Bainistíocht ar Chaiteachas Vótáilte**

Is í an Dáil a údaraíonn an maoiniú le haghaidh seirbhísí agus le haghaidh gníomhaíochtaí an Rialtais gach aon bhliain i mbloic chaiteachais ar a dtugtar Vótaí. Is ionann gach aon Vóta agus réimse soiléir de chaiteachas Rialtais atá mar fhreagracht ar aon Roinn Rialtais amháin nó ar aon Oifig amháin. Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe monatóireacht agus bainistíocht ar chaiteachas na Vótaí aonair agus déanann anailís agus bainistíocht ar chaiteachas poiblí foriomlán.

Sa bhliain 2014, rinne an Roinn:

- monatóireacht ar threochtaí caiteachais ar feadh na bliana agus thug comhairle maidir le treochtaí;
- fiosrú agus measúnú ar mholtaí ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit maidir le luach ar airgead agus le cur an méid is fearr is féidir le bonn acmhainne agus thug comhairle i ndáil le cibé ar cheart nó nár cheart na moltaí a cheadú;
- bainistíocht ar an bpróiseas le haghaidh cead Rialtais a lorg do líon Meastacháin Fhorlíontacha chun seachadadh leanúnach seirbhísí riachtanacha a chinntiú, go háirithe sna hearnálacha sláinte agus dlí agus cirt agus le hinfheistíocht chaipitil breise a sholáthar ag teacht le seasamh feabhsaithe buiséadach agus
- rinne athbhreithniú ar agus thug comhairle maidir le beartas agus le feidhmíocht comhlachtaí Stáit.

Bhí an Roinn freagrach as bainistíocht rathúil caiteachais i 10 gcinn as na 16 Vóta Roinne laistigh de na tairseacha ceadaithe ar aon dul leis na hacmhainní atá ar fáil agus atá i bhfad níos lú. Rinneadh acmhainní a leithdháileadh agus aird á tabhairt ar thorthaí eacnamaíoch agus sóisialta, ar fheidhmíocht agus ar luach ar airgead.

Lean an Roinn le buiséadú feidhmíocht-bhunaithe a chur san áireamh sna Meastacháin Athbhreithnithe d'Imleabhar na Seirbhísí Poiblí. Mar thoradh air sin, tá na tionchair nó na torthaí a bhfuil sé mar aidhm go mbeidh tionchar ag beartas poiblí orthu – torthaí sláinte, sábháilteacht phoiblí, caighdeáin litearthachta agus breisoideachais, inbhuanaitheacht fuinnimh, uilechuimsitheacht shóisialta agus mar sin de – anois leagtha amach go soiléir le hais an chaiteachais ghaolmhair. Leanfaidh an Roinn le bheith i dteagmháil leis na príomhgheallsealbhóirí le cúnamh a thabhairt le feidhmíocht bhuiséadú a neadú sa phróiseas buiséadach.

Rinne an Roinn dul chun cinn freisin maidir le feidhmiú an Chláir Chuíchóirithe Gníomhaireachta agus foilsíodh Tuarascáil ar an gClár i mí Eanáir na bliana 2015. Fuair an Tuarascáil, a bhí bunaithe ar eolas a chuir gach Roinn Rialtais ábhartha ar fáil, amach go raibh na bearta a raibh baint acu le níos mó ná 90% de chomhlachtaí a bhí le cumaisc nó le cuíchóiriú tugtha chun críche anois. Nuair a bheidh an méid atá fágtha curtha i bhfeidhm go hiomlán beidh 181 níos lú comhlachtaí ag feidhmiú i Seirbhís Phoiblí na hÉireann ná mar a bhí sa bhliain 2011, mar thoradh ar na bearta a tógadh sa Chlár seo. Fuair an Tuarascáil amach freisin go raibh coigilteas bliantúil athfhillteach de os cionn €15 milliún á fhabhrú faoi láthair don Rialtas Láir, le €2.8m breise d'ioncam aon uaire ag teacht as diúscairt maoine. Bainfear coigilteas breise bliantúil de €9m amach faoin mbliain 2018, nuair a bheidh coigilteas éifeachtúlachta bliana iomlán de roinnt de na bearta réadaithe. Bainfear amach os cionn €24m i gcoigilteas bliantúil ar an iomlán nuair a bheidh an clár curtha i bhfeidhm go hiomlán. Beidh coigilteas bliantúil de os cionn €40m ag fabhrú don Earnáil Rialtas Áitiúil de bhun an athchóirithe agus cuíchóiriú struchtúir údaráis áitiúil a bhí ar bun i mí na Bealtaine 2014. Is féidir an tuarascáil a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.per.gov.ie.

<u>An Cód Caiteachais Phoiblí</u>

Is ionann an Cód Caiteachais Phoiblí agus sraith chuimsitheach de bhreithmheas caiteachais, riachtanais Luach ar Airgead agus an treoir ghaolmhar a chlúdaíonn an caiteachas poiblí go léir. Déanann sé comhdhlúthú ar threoirlínte atá ann cheana, cuireann síneadh le treoirlínte le caiteachas reatha a chlúdach chomh maith le hinfheistíocht caipitil agus tugann isteach tairseacha airgeadais nua do bhreithmheas agus d'anailís costais is tairbhe.

Sa bhliain 2014, dhírigh Láraonad Measúnaithe Caiteachais na Roinne, a cheap agus a d'fhoilsigh an Cód nua sa bhliain 2013, ar rannpháirtíocht le Ranna eile chun cur le feasacht agus le heolas ar an treoir a bhí ar fáil agus ar an gcritéar nach mór freastal air mar a bhí leagtha amach sa Chód Caiteachais Phoiblí. Rinne an tAonad seachadadh ar os cionn 14 seisiún oiliúna agus forbartha ar bhreithmheas agus ar riachtanais mheastóireachta ar an gCód Caiteachais Phoiblí, lena n-áirítear teicnící anailíse costais is tairbhe. Chuir an tAonad seisiún ar fáil freisin maidir leis an gCód do NGOnna atá ag feidhmiú san Earnáil Phobail agus Deonach, a thug léiriú ar a seasamh i seachadadh seirbhísí poiblí agus a léirigh scála an chaiteachais phoiblí a bhíonn á bhainistiú agus á chaitheamh acu.

<u>Uimhreacha Seirbhíse Poiblí</u>

Thacaigh an Roinn leis an leithdháileadh acmhainne is fearr trí Chreat Rialaithe Fostaíochta a chomhaontú agus chur i bhfeidhm i Ranna. Sheas uimhreacha foriomlán na seirbhíse poiblí ag 289,642.87 FTE ag deireadh na bliana 2014. Ar aon dul leis an ngealltanas a bhí déanta i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-16, rinne an Roinn athbhreithniú ar bheartas foriomlán uimhreacha seirbhíse poiblí sa chuid deiridh de 2014 agus chuir socruithe tarmligthe nua le chéile do bhainistíocht soláthar foirne na seirbhíse poiblí a chuirfear i bhfeidhm sa bhliain 2015.

<u>Infheistíocht Chaipitil</u>

Sheol an Roinn an ceathrú céim agus an chéim dheiridh den Phlean Spreagtha Infrastruchtúr Caipitil i mí na Bealtaine 2014 tráth ar fógraíodh infheistíocht bhreise de €200m i raon tionscadal ar fud na tíre. Rinneadh monatóireacht ar chaiteachas ar na tionscadal sin ar feadh na bliana faoi shocruithe a cuireadh ar bhun sa bhliain 2013 le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas spreagtha.

Chuir an Roinn tús le hathbhreithniú freisin ar an gclár caipitil phoiblí sa bhliain 2014, comhthreomhar le hAthbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas (reatha). Is é an cuspóir a bhí leis an athbhreithniú measúnú a dhéanamh ar gach réimse infheistíochta caipitil phoiblí agus le hathnuachan a dhéanamh ar an straitéis infheistíochta agus ar na clúdaigh chaipitil ilbhliantúil reatha lena chinntiú go raibh siad ar aon dul le tosaíochtaí Rialtais a bhí ag teacht chun cinn agus go

ndíreofar na hacmhainní teoranta atá ar fáil ar na réimsí is fearr a thacóidh le fás leanúnach, inbhuanaithe agus cothrom. Bhí na leithdháiltí caipitil don tréimhse 2015 go 2017 leagtha amach i mBuiséad na bliana 2015. Áiríodh an tuarascáil ar an athbhreithniú caipitil, atá á tabhairt chun críche faoi láthair, na tairseacha trí bliana a fógraíodh ar Lá an Bhuiséid chomh maith le tairseacha nua don tréimhse 2018 go 2020.

Chruthaigh coinníollacha margaidh airgeadais feabhsaithe agus téarnamh geilleagrach leanúnach na hÉireann feabhas suntasach i meon an mhargaidh i leith tionscadail PPP na hÉireann agus tá maoinitheoirí leordhóthanacha ann anois le hairgead a chur ar fáil dár dtionscadal. Tá gach tionscadal a fógraíodh i gclár PPP na bliana 2012 imithe chun an mhargaidh agus tugadh dhá thionscadal chun críche le linn na bliana 2014 - PPP bhóthar an Ghoirt go Tuaim agus Beart 4 Scoileanna. Dheimhnigh tabhairt chun críche rathúil na dtionscadal sin go bhfuil margadh an PPP ag feidhmiú go maith arís agus níl rochtain ar mhaoiniú do thionscadail na hÉireann ina saincheist níos mó.

Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES)
Is ionann an IGEES agus seirbhís eacnamaíochta agus meastóireachta gairmiúil a bhfuil sé mar aidhm léi cur le cumas eacnamaíochta agus meastóireachta na Státseirbhíse agus le hardchaighdeán anailíse eacnamaíochta agus beartais a sholáthar chun cuidiú le próiseas cinnteoireachta an Rialtais. Bunaíodh í sa bhliain 2012.

Tháinig ardú ar chomhaltas an IGEES sa bhliain 2014 le hearcú sain-iarchéimithe leis an tseirbhís nua a athfhoinsiú i gceart. Chuir comhaltaí an IGEES sna Ranna Rialtais le hobair Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas 2015-2017. Thug comhaltaí de chuid na Seirbhíse Eacnamaíochta & Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi líon beag páipéir anailíse meastóireachta/beartais ar shaincheisteanna ar nós costas na Seirbhíse Poiblí agus eacnamaíocht iompraíochta, mar chuid de Phróiseas an CRE. Tá na páipéir ar fáil ar láithreán gréasáin an IGEES ag http://igees.gov.ie/. Rinneadh Clár Forbartha Gairmiúil Leanúnach an IGEES a leathadh amach i dtús na bliana 2014. Tá an clár CPD comhdhéanta de shraith de shruthanna oiliúna agus forbartha lánphháirtithe, a tharraingíonn ar mheascán de chúrsaí teicniúla a ndéantar seachadadh orthu go hinmheánach (ó shaineolaithe laistigh den tSeirbhís) agus ar chúrsaí acadúla a dhéantar a theagasc sna hollscoileanna. Is iad sruthanna an Chláir CPD; Anailís Bheartais agus Micreacnamaíocht; Beartas Rialtais/Rialachais; Maicreacnamaíocht agus beartas Fioscach; agus Eacnaiméadracht, Anailísiú Sonraí agus Modhanna Cainníochtúla.

Reáchtáladh Comhdháil Bhliantúil an IGEES ar *"Delivering on socio-economic priorities while ensuring budget sustainability"* i mí na Samhna le heolas a chur ar fáil don anailís a rabhthas ag tabhairt fúithi mar chuid d'fhorbairt Straitéis Eacnamaíoch Mheántéarmach an Rialtais. D'fhreastail thart ar 100 duine atá ag obair sna Ranna Rialtais, sa tseirbhís phoiblí níos leithne, sa saol acadúil agus in institiúidí taighde éagsúla ar an imeacht.

**Pointí Eile is Fiú a Thabhairt ar Aird**

**Idirbheart maidir le Ceadúnas an Chrannchuir Náisiúnta**
Síníodh Ceadúnas nua an Chrannchuir Náisiúnta an 27 Feabhra 2014. Bhí íocaíocht láithreach de €405m don Stát mar thoradh ar an idirbheart i ndáil leis an gceadúnas. Fuarthas leath den tsuim sin i Márta na bliana 2014. Fuarthas an chuid eile ag deireadh mhí na Samhna 2014. Cuireadh tús leis an gCeadúnas nua an 30 Samhain 2014 nuair a chuaigh *Premier Lotteries Ireland Limited* i mbun an Chrannchuir Náisiúnta.

## 3. Comhoibriú Idirnáisiúnta: Beartas Comhtháthaithe, Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Beartas Aeráide

| **Ráiteas Straitéise 2011 – 2014** |
| --- |
| • Caiteachas poiblí a dhíriú níos fearr ar thacaíocht a thabhairt d'fhás fiontraíochta agus fostaíochta.<br>• Dul chun cinn a dhéanamh ar Chomhoibriú Thuaidh/Theas |

**Beartas AE**

**Comhaontú Comhpháirtíochta na hÉireann**

D'éirigh go maith leis an tír ó thaobh €1.2 billiún de Chiste Comhtháthaithe a fháil don tréimhse 2014-2020. Is ionann é sin agus ardú 8% i ndáiríre thar chlárthréimhse 2007-2013, ag tráth a raibh gearradh siar 8% déanta ar bhuiséad foriomlán an AE don Chiste Comhtháthaithe. As an €1.2 billiún sin, is do chláir atá ag fáil cómhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) agus an Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) €951 milliún leis an iarmhéid curtha ar fáil do chláir Chomhar Críochach Eorpach (ETC) ina bhfuil Éire rannpháirteach, go háirithe an Clár um Shíocháin, Clár INTERREG na hÉireann/Tuaisceart Éireann na hAlban agus Clár INTERREG na hÉireann/na Breataine Bige.

Rinne Aonad an AE/Thuaidh-Theas idirbheartaíocht rathúil ar Chomhaontú Comhpháirtíochta na hÉireann leis an gCoimisiún Eorpach le haghaidh Cistí Struchtúrtha & Infheistíochta na hEorpa. Cheadaigh an Rialtas agus an Coimisiún an Comhaontú Comhpháirtíochta, atá comhdhéanta de chomhaontú foirmiúil leis an gCoimisiún maidir le húsáid Chiste Comhtháthaithe na hÉireann, i mí na Samhna 2014. Leagtar amach sa Chomhaontú Comhpháirtíochta amach tosaíochtaí maoinithe chláir Chiste ESI na hÉireann, lena n-áirítear:

- Forás agus fostaíocht a chur chun cinn;
- dul i ngleic le dífhostaíocht agus eisiamh sóisialta;
- cur chun cinn infheistíochta R&D agus TFC agus iomaíochas na hearnála gnó, agus
- geilleagar atá tíosach ar acmhainní agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn.

Rinne an tAonad ionadaíocht ar Éirinn san idirbheartaíocht leis an gCoimisiún maidir leis na *Implementing and Delegated Acts* atá ag eascairt as pacáiste reachtaíochta Comhtháthaithe AE sa bhliain 2013.

**Cláir Oibriúcháin 2014-2020**

D'oibrigh an tAonad AE/Thuaidh-Theas go dlúth le Comhthionól Réigiúnach na Teorann, Lártíre & an Iarthair agus an Deiscirt agus an Oirthir chun a theacht ar chomhaontú leis an gCoimisiún maidir le dhá Chlár Oibriúcháin réigiúnach na hÉireann. Bainfear úsáid as €409 milliún de mhaoiniú ERDF chun tacú le hinfheistíocht iomlán de os cionn €800 milliún sa nuálaíocht agus taighde, sa chlár oibre digiteach, i ngnólachtaí beaga agus meánmhéide (SME-anna), sa gheilleagar ísealcharbóin agus sa Chiste Forbraíochta Uirbeach. Bunaíodh fochoiste den Choiste Náisiúnta Comhordúcháin na gCistí, atá faoi chathaoirleacht na Roinne, chun tús a chur le hobair ar shocruithe feidhmithe, lena n-áirítear ullmhú na rialacha cáilitheachta náisiúnta, treoirlínte eolais agus cumarsáide agus bainistíocht airgeadais agus socruithe rialaithe.

**Bainistíocht Chláir Roimhe Seo**
Lean an tAonad AE/Thuaidh-Theas le maoirseacht a dhéanamh ar dhá Chlár ERDF réigiúnach na hÉireann do bhabhta maoinithe 2007-2013 a bhí faoi bhainistíocht Comhthionól Réigiúnach na Teorann, Lártíre & Iarthair agus an Deiscirt agus an Oirthir agus atá ag breith suas ar an gcéim dheiridh. Chuir cláir 2007-2013 €375 milliún de mhaoiniú ERDF ar fáil chun tacú le hinfheistíocht iomlán de €750 milliún i dtionscadail i réimsí TFC, nuálaíocht agus an geilleagar eolasbhunaithe, an comhshaol, seachaint riosca, inrochtaineacht, forbairt uirbeach inbhuanaithe agus líonraí iompair den dara grád. Ba é an toradh a bhí ar obair Dheimhniúcháin an Aonaid go bhfuair an Státchiste €115 milliún de mhaoiniú AE sa bhliain 2014. D'oibrigh an tAonad freisin leis an gCoimisiún ar mholtaí le caiteachas a thabhairt chun críche faoi Chláir Oibriúcháin 2000-2006.

**Comhoibriú Thuaidh/Theas**
D'oibrigh Aonad an AE/Thuaidh-Theas go dlúth leis an Roinn Airgeadais & Pearsanra i dTuaisceart Éireann (DFPNI) agus leis an gComhlacht um Chláir Speisialta AE (SEUPB) ar mhaoirseacht na gClár um Shíocháin agus INTERREG. Bhí luach de €333 milliún agus €256 milliún faoi seach ag gabháil le cláir 2007-2013. Tá an dá Chlár tiomanta go hiomlán agus tá tionscadail ag cur le folláine sóisialta agus eacnamaíoch an réigiúin agus le sochaí atá síochánta agus cobhsaí a threisiú. Mar a chéile leis na Cláir ERDF réigiúnach, tá an fócas ag athrú anois chuig tabhairt chun críche an chláir.

Cuireadh na Cláir um Shíocháin IV agus INTERRIG VA do 2014-2020 faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Mheán Fómhair. Tá idirbheartaíocht ar siúl leis an gCoimisiún ar na Cláir nua agus táthar ag súil an dá Chlár a sheoladh agus a bheith i mbun oibre le linn na bliana 2015. Beidh luach iomlán de €269 milliún ag gabháil leis an gClár um Shíocháin IV agus beidh luach de €282 milliún ag gabháil leis an gClár INTERREG VA.

**Comhordú Beartais AE agus Thuaidh Theas**
Thacaigh attaché an Aonaid AE/Thuaidh Theas sa Bhuanionadaíocht sa Bhruiséil leis an fhorbairt a bhaineann le beartas an AE ar fud na Roinne, lena n-áirítear obair an Choiste Comh-Aireachta ar Ghnóthaí AE agus grúpaí idir-rannach gaolmhara. Thacaigh an tAonad freisin le hobair na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus na gComhlachtaí Thuaidh/Theas atá faoi na choimirce, lena n-áirítear cruinnithe Earnála den MSMC atá tugtha don SEUPB chomh maith le cruinnithe iomlánacha.

**Meastóireacht Fheabhsaithe ar Bheartas Aeráide**
Lean an Roinn le tionchar a bheith aici ar na Ranna ceannasacha chun meastóireacht eacnamaíoch a chur san áireamh ó thaobh tacaíocht a thabhairt don bheartas aeráide go háirithe i gcomhthéacs na hidirbheartaíochta ar an bpacáiste aeráide agus fuinneamh nua do bhliain 2030 agus ar bhonn intíre i bhforbairt an Bhille um Fhorbairt Ísealcharbóin. Thug an tAonad Meastóireachta Caiteachais an Bheartais Aeráide páipéar chun críche le hAthbhreithniú Cuimsitheach a dhéanamh ar Chaiteachas rud a léirigh nádúr tras-rannach a bhaineann le beartais agus le tiomantais idirnáisiúnta i réimse an bheartais aeráide.

## 4. Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

- Caiteachas poiblí a dhíriú níos fearr ar thacaíocht a thabhairt d'fhás fiontraíochta agus fostaíochta.
- Béim níos mó ar bhearta gníomhachtaithe an mhargaidh saothair agus ar chruthú poist.

**Gníomhachtú, Oideachas agus Oiliúint**

Lean an Roinn ar feadh na bliana 2014 le gníomhú ar thosaíocht an Rialtais maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach, trí straitéis Bealaí chun na hOibre athnuaite, ag baint úsáid as an sainordú seo chun maoiniú a dhíriú ar acmhainní dóibh siúd is faide atá as obair.

Chun na críche sin cuir an DPER léargas anailíseach cuimsitheach ar fáil i ndáil leis an tseirbhís gníomhachtaithe seachfhoinsithe JobPath atá beartaithe do na daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Beidh luach níos fearr ar sheirbhís airgid a dhéanann seachadadh ar bhuntáistí soiléir do chliaint mar thoradh ar an ionchur seo. Lean an DPER le brú a chur ar mhaithe le feidhmiú a thapú agus bhain amach rannpháirtíocht saindírithe le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach trí oifigí Intreo roimh leathadh amach na seirbhíse nua.

Thacaigh an DPER le hathstruchtúrú a dhéanamh ar an Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna timpeall ar na Boird Oideachais agus Oiliúna (ETB-anna) faoi threo straitéiseach agus maoiniú ó SOLAS. D'éirigh leis an DPER daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chur san áireamh sa phróiseas seo mar chohóirt tosaíochta i straitéis 5 bliana SOLAS agus sa Phlean Feidhmíochta a bhaineann leis. Chuir an Roinn tacaíocht ar fáil do SOLAS freisin ina gcuid iarrachtaí le hinfrastruchtúr sonraí a fhorbairt le taifeadadh a dhéanamh ar ionchuir, aschuir agus ar thorthaí a thapaíonn an deis le gluaiseacht i dtreo samhail maoinithe feidhmíocht-bhunaithe nua sa bhliain 2015.

Ar Chomhairle an Ghrúpa Sonraí Idir-Rannach, atá faoi chathaoirleacht an DPER, leag an Coiste Comh-Aireachta ar Shaincheisteanna an Mhargaidh Saothair síos sprioc de os cionn 85,000 áit do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach ar scéimeanna gníomhachtaithe agus oiliúna. Tuairiscíodh an dul chun cinn in aghaidh na spriocanna sin Don Choiste Comh-Aireachta, chomh maith le heolas mionsonraithe ar fheidhmiú an chórais tarchuir nua ó oifigí Intreo chuig ETBnna agus an cion de dhaoine a d'fhág na cláir ghníomhachtaithe agus an soláthar FET.

Chuir an DPER cultúr mór-mheastóireachta chun cinn i gcónaí, tráth a ndéantar dian-mheasúnú ar chaiteachas ar chláir i ndáil le tionchar.

## 5. Sócmhainní Stáit

**Ráiteas Straitéise 2011-2014**

- Úsáid níos éifeachtaí na sócmhainní Stáit ar fad agus bainistíocht ar dhiúscairt sócmhainní Stáit
- Infheistíocht níos éifeachtaí ó thaobh costais i bpríomhlíonraí geilleagair agus bainistíocht éifeachtach ar fháltais ó dhiúscairt Sócmhainní Stáit

Tugadh Clár Diúscartha Sócmhainní an Stáit chun críche sa bhliain 2014, agus bhí díbhinní speisialta don Stát mar thoradh ar shócmhainní de thart ar €350m a dhíol BGE agus BSL sa bhliain 2014, agus thart ar €1.4 billiún ar an iomlán thar na blianta 2014-2016, a bheidh ar fáil chun tacú le bearta spreagtha, le hualach fiacha na hÉireann a laghdú agus le feithicil maoinithe lasmuigh de chlár comhardaithe a bhunú le maoiniú a dhéanamh ar chomhlachtaí tithíochta ceadaithe mar chuid de Straitéis Tithíochta Sóisialta an Rialtais.

**Fuinneamh Bord Gáis a Dhíol**

Tugadh díolachán Fhuinneamh Bord Gáis chun críche go rathúil i mí an Mheithimh 2014. Baineadh amach oll-luach fiontraíochta de **€1.12bn** don ghnó agus toradh de thart ar €1b don Rialtas i ndíbhinní speisialta thar an tréimhse 2014-2016. D'íoc Ervia díbhinn speisialta tosaigh de **€150m** leis an Rialtas i mí Iúil 2014, arbh ionann é agus an t-uasmhéid a d'fhéadfaí a íoc ag an am, go dtí go dtabharfar chun críche atheagrú inmheánach agus go mbunófar fochuideachta Líonraí Gáis Éireann de réir an Achta um Rialú Gáis 2013, a bhfuil aistriú saoráidí fiacha Ervia agus ath-idirbheartaíocht a chúnant fiacha i gceist leis.

Íocfar na díbhinní atá fanta in imeacht ama, ar bhealach stuama a thugann cosaint do rátáil creidmheasa grád infheistíochta Ervia, agus táthar ag súil leis an gcéad tráthchuid eile (thart ar **€480m)** go luath sa bhliain 2015, ar a bpointe is a bheidh bunú Líonraí Gáis Éireann tugtha chun críche. Táthar ag súil leis na fáltais deiridh atá fanta i ndeireadh na bliana 2015 nó sa bhliain 2016.

**Díolachán Sócmhainní an BSL**

Fuair an Státchiste os cionn €197m i ndíbhinní speisialta ón BSL sa bhliain 2014, mar thoradh ar dhiúscairt 50% dá scairshealbhóireacht in dhá shócmhainn thar lear, sa Ríocht Aontaithe agus sa Spáinn.

D'fhógair an BSL i mí Iúil 2014, go n-íocfaidh sé €200m breise (a bhfuiltear ag súil leis go luath sa bhliain 2015) leis an Státchiste, seasann sé sin mar réadú don Rialtas ar luach dhá fhearas móna an BSL i lártíre. Mar sin féin, tá sé i gceist ag an BSL anois, seachas na sócmhainní sin a dhiúscairt mar a bhí i gceist i dtús báire, maoiniú a dhéanamh ar an díbhinn speisialta atá ag teastáil trí fhiacha breise a tharraingt anuas as a chuid saoráidí bainc atá ann cheana, le sreabhadh airgid ann amach anseo mar thoradh ar choinneáil na sócmhainní a bheadh ar fáil ansin don BSL chun tacú le riachtanais maoinithe breise a eascraíonn as íocaíocht na díbhinne speisialta.

Ghlac an BSL an cinneadh sin tar éis tabhairt faoi anailís mionsonraithe mar ullmhúchán don díolachán a bhí beartaithe, rud a léirigh go mbeadh sé níos tairbhí don BSL agus do na scairshealbhóirí araon, dá gcoimeádfadh an BSL úinéireacht ar na fearais agus dá ndéanfaí maoiniú ar an díbhinn speisialta a bhí fanta ar an mbealach sin. Mar thoradh air sin, tá úsáid á baint as na sreafaí airgid ó na sócmhainní ar bhealach difriúil anois, le toradh airgeadais atá i bhfad níos fearr ar an iomlán a thabhairt, ach tá substaint an chur chuige mar a chéile amhail is dá ndíolfaí na sócmhainní.

**Dul chun cinn maidir le hAthstruchtúrú Coillte**

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2014 maidir le cur i bhfeidhm athstruchtúrú beartaithe Coillte mar a chomhaontaigh an Rialtas i mí an Mheithimh 2013, lena n-áirítear:

- tús curtha le díolachán Coillte Telecoms agus roinnt sócmhainní fuinnimh gaoithe;
- teacht ar chomhaontú maidir le cur i bhfeidhm páirt-chumasc idir Coillte agus Bord na Móna, ag díriú ar bhithmhais, fuinneamh gaoithe, seirbhísí comhroinnte/tacaíochta agus gnólachtaí caitheamh aimsire & turasóireachta an dá chuideachta; agus
- ceadú agus tús curtha le cur i bhfeidhm infheistíocht ollmhór de €59m i ngnó i Coillte SmartPly.

**NewERA**

Chomhaontaigh an tAire Airgeadais reachtaíocht le NewEra a bhunú ar bhonn reachtúil mar chomhairleoir don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus d'Airí ábhartha eile maidir le rialachas corparáideach agus bainistíocht scairshealbhóra comhlachtaí tráchtála Stát in earnálacha fuinnimh, teileachumarsáide, uisce agus foraoiseachta NewEra, agus le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann a bhunú freisin laistigh den NTMA, agus achtaíodh é sin sa bhliain 2014.

## 6. Athchóiriú Polaitíochta

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

- Seirbhís phoiblí atá níos cuntasaí agus struchtúir riaracháin agus daonlathach atá níos éifeachtaí
- Feabhas a chur ar Struchtúir agus ar noirm riaracháin rialachais agus ar chuntasacht dhaonlathach.
- Reachtaíocht ullmhaithe ar aon dul le clár an Rialtais do struchtúir dhaonlathacha níos éifeachtaí.

**An Bille um Brústocaireacht a Rialáil 2014**

Foilsíodh an Bille um Brústocaireacht a Rialáil 2014 (dar teideal an Bille um Chlárú Brústocaireacht 2014 roimhe seo) an Aoine 20 Meitheamh 2014. Is é cuspóir an Bhille seo clár gréasánbhunaithe a bhunú maidir le gníomhaíocht brústocaireachta agus le seachadadh a dhéanamh ar thrédhearcacht chuí i ndáil le "*who is contacting whom about what".* Tá an Bille leagtha amach go sonrach leis an sprioc seo a bhaint amach trí chóras cláraithe gréasánbhunaithe maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a bhunú. Cuireadh tús le rith an Bhille trí Thithe an Oireachtais sa bhliain 2014 agus ritheadh an Chéim Coiste sa Dáil an 25 Samhain 2014. Tá sé i gceist an Bille a achtú go luath sa bhliain 2015 agus tá tús an Achta réamh-mheasta do lár an tsamhraidh 2015.

**Nochtadh Cosanta**

Tháinig an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 i bhfeidhm an 15 Iúil 2014. Tá sé i gceist go ndéanfaidh an tAcht foráil do chreat reachtúil láidir inar féidir le hoibrithe údair imní maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú a thug siad ar aird san áit oibre a ardú laistigh de agus iad ar an eolas go bhfuil siad in ann leas a bhaint as cosaint shuntasach fostaíochta agus as cosaint eile más rud é go gcuireann a bhfostóir pionós orthu nó go mbíonn siad faoi réir ag aon díobháil mar gheall air.

**Roinnt Sonraí**

I mí Lúnasa na bliana 2014, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe páipéar maidir le beartas dar teideal "Roinnt Sonraí agus Rialachas: Moltaí Beartais", ina leagtar amach príomhghnéithe an Bhille maidir le Roinnt Sonraí agus Rialachas. Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh ag freagairt do mholtaí an bheartais. Fuair an Roinn roinnt mhaith aighneachtaí cuiditheacha, a chuir go suntasach le forbairt an bheartais ar Roinnt Sonraí.

I mí na Samhna, reáchtáladh imeacht eolais phoiblí le plé a dhéanamh ar thorthaí an chomhairliúcháin. Is é Robert Watt, Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Helen Dixon, An Coimisinéir Cosanta Sonraí; agus Daragh O'Brien ó *Castlebridge Associates* a thug an t-aitheasc ag an imeacht. Chuir an t-imeacht deis ar fáil le haghaidh plé úsáideach a dhéanamh ar na príomhshaincheisteanna beartais ó dhearcaí difriúla.

**An Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil**
Rinneadh cinneadh le hobair a roinnt i mBillí ar leithligh maidir leis na hIonstraimí a bhí ann roimh 1948. Déanfaidh an chéad cheann, an Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Ionstraimí Tánaisteacha) gach ionstraim thánaisteach suas go dtí agus 1820 san áireamh a aisghairm. Déanfaidh an Bille seo gach ionstraim thánaisteach is infheidhme d'Éire agus a rinneadh roimh 1820 a aisghairm, seachas iad siúd atá á gcoimeád go sonrach sa Bhille. Aithníonn an Bille 4,500 ionstraim atá le haisghairm, atá liostaithe ar mhaithe le críocha eolais sa dara sceideal den Bhille. Tá 38 ionstraim atá leagtha amach sa chéad sceideal le coimeád.

Tionscnaíodh comhairliúcháin phoiblí mar chuid d'obair an Chláir um Athchóiriú an Dlí Reachtúil sa bhliain 2014 le tuairimí a lorg ó gach páirtí leasmhar maidir le cúlghairm ionstraimí tánaisteacha suas go dtí agus 1820 san áireamh.

**Boird Stáit**
Tar éis a chruinnithe den 30 Meán Fómhair, d'fhógair an Rialtas samhail athchóirithe maidir le ceapacháin aireachta ar Bhoird Stáit. Ní mór gach ceapachán ar Bhoird Stáit a fhógairt go hoscailte ón 1 Samhain ar thairseach na mBord Stát, *stateboards.ie*, atá á fheidhmiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Chomhaontaigh an Rialtas ag a chruinniú de 25 Samhain 2014, foilseachán "Treoirlínte maidir le Ceapacháin ar Bhoird Stáit" chun cuidiú leis an Roinn socruithe nua maidir le ceapacháin ar Bhoird Stáit a chuir i bhfeidhm. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a d'ullmhaigh na treoirlínte seo tar éis chomhairliúchán poiblí leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Ranna Stáit eile agus páirtithe leasmhara, agus cuireann treoir mhionsonraithe ar fáil maidir leis an bpróiseas ceapacháin, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le héagsúlacht.

**ríomhPMDS**
Rinneadh leathadh amach go luath sa bhliain 2014 ar chóras nua leictreonach "ríomhPMDS" chuig na Ranna ar fad i *PeoplePoint*. Is ionann ríomhPMDS agus córas *PMDS* i bhfad níos simplí do shealbhóirí poist agus do bhainisteoirí.

- Réimsí le sonraí curtha iontu roimh ré
- Roghchláir anuas
- Leideanna maidir le conas an fhoirm a chomhlánú
- Tarchur gan pháipéar idir Fostaithe agus Bainisteoirí
- Rochtain éasca ar do chuid taifead ar fad ó 2014 ar aghaidh

**Tús a chur le hEarcaíocht Oscailte arís**
Fógraíodh clár spriocdhírithe earcaíochta don Státseirbhís le haghaidh a thabhairt ar riachtanais seirbhísí agus ar ghanntanas scileanna i mBuiséad na bliana 2015. Bhí comórtais oscailte ar siúl do líon grád Státseirbhíse sa bhliain 2014:

- Oifigeach Cléireachais le hionchais de thart ar 300 earcach
- Oifigeach Feidhmiúcháin Speisialtóir TFC
- Oifigeach Feidhmiúcháin Seirbhís Ghinearálta
- Oifigeach Riaracháin – Iarchéimí Eacnamaí agus Oifigeach Riaracháin Seirbhís Ghinearálta.

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014**
Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014, a iompaíonn na srianta ar FOI a tugadh isteach sa bhliain 2003, droim ar ais, agus leathnaíonn FOI chuig gach comhlacht poiblí agus tugann isteach roinnt athchóirithe tábhachtacha, lena n-áirítear réimeas nua iomlán táillí FOI agus bogadh chuig scéimeanna poiblíochta agus poiblíocht fhorghníomhach atá lasmuigh de FOI, an 14 Deireadh Fómhair 2014. Rinneadh ordú Aireachta nua maidir le táillí FOI an 16 Deireadh Fómhair 2014.

**Dréachtchód Cleachtais FOI**

Foilsíodh Cód Cleachtais cuimsitheach i ndeireadh na bliana 2014, tar éis an próiseas athbhreithnithe FOI a chur i bhfeidhm go forleathan sa bhliain 2013, i gcomhar le hachtú an Achta FOI sa bhliain 2014. Leanadh leis sin le forbairt treoirlínte FOI nua, lámhleabhair agus litreacha samplacha chun cuidiú le comhlachtaí poiblí chun iarratais a phróiseáil agus tá siad sin ar fáil ar láithreán gréasáin nua FOI a bhfuil forbairt déanta air (www.foi.gov.ie). Leanfar le hobair ghaolmhar sa bhliain 2015. Cuireadh tús arís le líonraí FOI agus chuir an Roinn líon seimineáir fhaisnéise ar fáil do chomhlachtaí poiblí faoin Acht FOI nua agus faoin gCód Cleachtais. Lean Príomh-Aonad Beartais FOI le tacaíocht agus sainchomhairle a chur ar fáil d'úsáideoirí agus do chomhlachtaí poiblí ar feadh na bliana.

**Eitic**

Tugadh athbhreithniú suntasach ar an gcreat reachtaíocht eitice atá ann cheana chun críche sa bhliain 2014, lena n-áirítear breithniú ar mholtaí Bhinsí Mahon agus Moriarty agus ar mholtaí ábhartha eile, chomh maith le sárchleachtas idirnáisiúnta. Tugadh dréacht Scéim Ghinearálta de Bhille le haghaidh Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí chuimsitheach, athchóirithe agus nuachóirithe chun críche agus táthar ag súil é a chur faoi bhráid an Rialtas lena bhreithniú go luath sa bhliain 2015. Chuir an Roinn le freagra na hÉireann freisin ar mheastóireacht faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe, tuarascáil Frith-Éillithe an AE, an Grúpa Oibre OECD ar bhreabaireacht, meastóireacht an 4ú babhta ar Chosc ar Éilliú maidir le parlaiminteoirí, breithiúna agus ionchúisitheoirí an Grúpa Stát in aghaidh an Éillithe Chomhairle na hEorpa (GRECO).

**Comhpháirtíocht an Rialtais Oscailte/Sonraí Oscailte**

Tá Éire ina comhalta iomlán de Chomhpháirtíocht an Rialtais Oscailte (OGP) a bhfuil sé mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt don trédhearcacht, saoránaigh a chumasú, dul i ngleic le héilliú agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí le rialachas a láidriú. Thionól Éire Cruinniú Réigiúnach na hEorpa den OGP i mí na Bealtaine agus foilsíodh an chéad Phlean Gnímh Náisiúnta (NAP) den OGP i mí Iúil 2014. Baineann na 26 beart san NAP le tréanghníomhartha i dtrí réimse: Sonraí Oscailte, Rannpháirtíocht an tSaoránaigh agus Rialachas agus Cuntasacht a Neartú.

Ciallóidh cur i bhfeidhm Sonraí Oscailte, Rialtas atá níos oscailte, níos trédhearcaí, agus níos cuntasaí agus a bhfuil an acmhainn aige buntáistí suntasacha a bhaint amach. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2014 ó thaobh tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an Tionscnamh maidir le Sonraí Oscailte. Áirítear ar bhearta, forbairt agus seoladh príomhthairseach Sonraí Oscailte i mí Iúil 2014 agus foilsiú an taighde a bhí faoi stiúir an *Insight Centre for Data Analytics @ NUIG* thar ceann na Roinne. Reáchtáladh cruinnithe le comhlachtaí poiblí agus leis an bpobal i gcoitinne le linn an dara leath de 2014. Tionscnaíodh an chéad cheann de na struchtúir rialachais - Grúpa Oibre na gComhlachtaí Poiblí (PBWG) – a thacaíonn le Tionscnamh Sonraí Oscailte i ráithe 4 de 2014. Tagann an PBWG le chéile ar bhonn míosúil agus é mar phríomhchuspóir aige comhairle a chur ar an Roinn maidir leis an gcreat teicniúil a theastaíonn chun tacaíocht a thabhairt do Shonraí Oscailte. Áiríodh ar ghníomhaíochtaí comhoibrithe breise sa bhliain 2014, rannpháirtíocht le *Open Knowledge Ireland (OKI)* chun deiseanna a bhreithniú le húsáid sonraí oscailte a chur chun cinn; agus le lucht acadúil i UCC le plé a dhéanamh ar roghanna do Cheadúnais Sonraí Oscailte. Cuideoidh iarratas rathúil na hÉireann sa bhliain 2014 le bheith rannpháirteach i moladh i ndáil le tionscadal *YourDataStories Horizon* AE 2020 thar na chéad chúpla bliain eile le feasacht a chruthú agus tacaíocht a thabhairt d'úsáid thacair sonraí atá foilsithe. Ag leibhéal trasteorann, cuireann gealladh Aireachta oibriú le cuntrapháirteanna i dTuaisceart Éireann deiseanna ar fáil chun eolas a roinnt idir an dá Údarás Riaracháin, agus le haghaidh tuilleadh tionscnamh Sonraí Oscailte uile-oileánda a chur chun cinn.

## 7. Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Athnuachan na Státseirbhíse agus Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

- Seirbhís Phoiblí atá i bhfad níos lú, le níos lú costais agus atá i níos táirgiúla, atá á bainistiú níos fearr agus atá dírithe ar thorthaí níos fearr a bhaint amach don saoránach.
- Seirbhís Phoiblí atá níos cuntasaí agus struchtúir riaracháin agus daonlathach atá níos éifeachtaí.
- Treallús a chur faoi chlár cuimsitheach d'athchóiriú na Seirbhíse Poiblí.
- Seachadadh éifeachtach Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2011.
- Cleachtais Acmhainní Daonna (HR) a neartú, lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta agus pleanáil don fhórsa saothair sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Bhí fócas na hOifige Athchóirithe agus Seachadta (RDO) sa bhliain 2014 ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí do 2014-2016, a foilsíodh i mí Eanáir, 2014. Is é seo an dara Plean Athchóirithe de chuid an Rialtais agus a chuireann sé leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i gcur i bhfeidhm an chéad Phlean Athchóirithe, a foilsíodh i mí na Samhna, 2011.

De bharr gur ceapadh an chéad chéim den chlár athchóirithe i gcoinne cúlra na géarchéime airgeadais, bhí sé dírithe go riachtanach ar bhealaí le costais a chomhdhlúthú agus a laghdú, ar fáil réidh le dúbailt agus le feabhas a chur ar rialuithe caiteachais. Tá sprioc uaillmhianach ag gabháil leis an gcéad chéim den athchóiriú maidir le tógáil ar Sheirbhís Phoiblí ar a mbeidh torthaí dearfacha do gach geallsealbhóir, lena n-áirítear do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do na seirbhísigh poiblí iad féin. Baineann sé le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí agus ag an am céanna leanúint le héifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach ar an mbealach a ndéantar seachadadh ar na seirbhísí sin. Áirítear ar phríomhthosaíochtaí an Phlean Athchóirithe, ar a bhfuilimid ag déanamh dul chun cinn maith: úsáid samhlacha éagsúla seachadta seirbhíse agus rannpháirtíocht níos fearr le custaiméirí; ag baint an úsáid is fearr is féidir as digitiú agus sonraí oscailte le seirbhísí agus eolas a sheachadadh ar bhealaí nuálacha; úsáid na 'díbhinne athchóirithe' chun tacaíocht a thabhairt d'fheabhsúcháin seirbhíse; oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr.

Foilsíodh an Dara Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn ar Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí freisin i mí Eanáir, 2014. Is léir gur chuir an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí go suntasach lenár dtéarnamh. Tá dul chun cinn maith déanta ar athchóiriú i dtéarmaí costais a laghdú, táirgiúlacht a fheabhsú; níos mó seirbhísí ar líne á seachadadh; forbairt ar sheirbhísí comhroinnte, agus cur ar bhun struchtúir le hathchóiriú a dhéanamh ar sholáthar phoiblí agus ar bhainistíocht sócmhainní maoine, gan ach roinnt réimsí a lua.

Thacaigh an RDO le forbairt a dhéanamh ar 21 Phlean Seachadta um Athchóiriú Comhtháite (IRDPs) don bhliain 2014 ó Earnálacha, Ranna agus Oifigí móra. Leagtar amach sna pleananna seo an bealach ina gcuirfidh Ranna agus Oifigí na hathchóirithe trasrannach i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm, chomh maith le heagrú agus le hathchóirithe earnála sonrach, agus na pleananna le Comhaontú Bhóthar Haddington a chur i bhfeidhm. Rinne an RDO forbairt freisin, i gcomhar leis an OGCIO, ar uirlis nua tuairiscithe ar líne le héascaíocht a dhéanamh do Ranna agus d'Oifigí le tuairisciú a dhéanamh ar na pleananna seo – go ráithiúil do na Ranna príomhearnála agus gach sé mhí do Ranna agus d'Oifigí eile.

Tugadh faoi thuilleadh forbartha ar an Tairseach maidir le hAthchóiriú Oifige sa bhliain 2014, chun tacaíocht a thabhairt do agus éascíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an athraithe do gach

seirbhíseach poiblí i ngach earnáil. Chuidigh raon cur i láthair do ghrúpaí seirbhíseach poiblí ar feadh na bliana leis sin, agus scaipeadh seacht n-eagrán den nuachtlitir maidir le hathchóiriú ar rannpháirtithe tairsí (agus bhí os cionn 800 acu sin ann ag deireadh na bliana 2014).

Reáchtáil an RDO trí chruinniú den Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí na nOifigeach sa bhliain 2014, chomh maith le comhdháil ar Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí i mí na Nollag 2014, mar chuid dá cuid oibre i gcur chun cinn tionscnamh Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí ar fud na Seirbhíse Poiblí. Thug an RDO chun críche agus d'foilsigh tuarascáil ar a Athbhreithniú ar Chairt Custaiméara agus Pleananna Gnímh sa Státseirbhís agus d'eagraigh soláthar oiliúna Gnáthchaint (ceithre atriall) do Ranna agus d'Oifigí.

Rinne an RDO forbairt freisin ar a sárchleachtas a roinnt le dlínsí agus le comhlachtaí idirnáisiúnta le linn na bliana 2014. Áirítear ansin, eagrú agus tionól agus rannpháirtíocht in imeachtaí le hOifig Comh-Aireachta na Ríochta Aontaithe agus le Státseirbhís Thuaisceart Éireann, chomh maith le rannpháirtíocht leathan le toscaireachtaí a bhí ar chuairt agus leis an OECD.

**An tAonad Samhlacha Seachadta Éagsúla**
Chuidigh an tAonad, le linn na bliana 2014, le Státseirbhísigh agus le Seirbhísigh Poiblí le húsáid chuí a bhaint as an Aonad Seachadta Seachtrach (ESD). Tugadh tacaíocht do thionscadail ar nós Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (an Roinn Comhshaoil), *Jobpath* (an Roinn Coimirce Sóisialaí) agus Suirbhé Ráithiúil ar Líonta Tí (an Phríomhoifig Staidrimh).

Fuair an tAonad pleananna ESD fianaise-bhunaithe mionsonraithe ó na Ranna Stát a bhí fanta, chomh maith le Coimisiún Thithe an Oireachtais, le linn na bliana 2014. Is é an cuspóir atá leis na pleananna sin treallús a chur faoi éifeachtúlachtaí agus costais a laghdú agus ag an am céanna caighdeán na seirbhísí don phobal a chosaint. Thug an tAonad comhairle, do na Ranna ábhartha, sa chás go raibh gá leis, ar mhaithe le cuidiú leis an gcur chuige fianaise-bhunaithe chun seachtrú a dhéanamh ar aon phróiseas gnó agus chuidigh leo a gcuid pleananna ESD a ullmhú. Bhí na pleananna sin agus a bhfuil iontu faoi bhreithniúchán ag deireadh na bliana, ar feitheamh lena gcur faoi bhráid an Rialtais.

Leanadh le clár foghlama agus forbartha le linn na bliana 2014 agus rinneadh seachadadh ar chúrsa oiliúna sain-oiriúnaithe dhá lá do na scóir de bhainisteoirí earnála poiblí atá freagrach as ESD ina gcuid eagraíochtaí. Chomh maith leis sin, chuir an tAonad isteach tairiscint chun soláthar a dhéanamh ar oiliúint theicniúil agus speisialaithe breise i réimse an ESD atá le seachadadh sa bhliain 2015 agus 2016. Sa bhreis air sin, d'fhoilsigh an Roinn an tríú heagrán de lámhleabhar an ESD agus chuir líon acmhainní/uirlisí ar fáil do bhainisteoirí lena n-úsáid; ar mhaithe le measúnú agus tomhas a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil tionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann inmharthana agus oiriúnach lena n-úsáid.

Tá an tAonad páirteach in iniúchadh a dhéanamh ar conas atá comhlachtaí Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ag bainistiú fiacha atá dlite dóibh. Le linn na bliana 2014, ceapadh ceannaire cláir mar thoradh ar phróiseas tairisceana le mionchóiriú agus tástáil a dhéanamh ar réamh-mholtaí maidir le conas is féidir le comhlachtaí Stáit áirithe sineirgí, éifeachtúlachtaí agus laghduithe costais a bhaint amach ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar bhainistíocht éifeachtach fiacha.

Rinne an tAonad éascaíocht ar chomhdháil thar ceann trí Roinn Stáit freisin maidir leis an mbealach a ndéanann an Stát maoiniú ar Earnáil Phobail agus Deonach na hÉireann. Óna thaobh sin de, bhí an tAonad rannpháirteach freisin thar ceann na Roinne i dtionscnamh maoinithe a bhain le bailiú sonraí, le córas ceistiúcháin agus tuairiscithe don earnáil neamhbhrabúis i gcomhoibriú le *Atlantic Philanthropies* (tionscadal INKEx).

**Bainistiú Fiach**

Le linn na bliana 2014, d'fhoilsigh an tAonad seo athbhreithniú ar fheidhmíocht maidir le bainistiú fiach ar fud chúig earnáil; an HSE, Rialtas Áitiúil, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an tSeirbhís Chúirteanna. Tá líon moltaí tras-earnála agus roinne/earnáil shonrach sa *BearingPoint Review.* Tá Cathaoirleach nua ceaptha ar an mBord Tionscadal, a chuirfidh treallús faoi agus a dhéanfaidh monatóireacht ar na moltaí seo agus tá Ceannaire Cláir fostaithe le stiúradh a dhéanamh ar sheachadadh athchóirithe bailithe fiach.

**Cuntasacht**

Cheap an tAire Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe Painéal Neamhspleách, in Eanáir na bliana 2014, tar éis Páipéar Comhairliúcháin na Roinne a fhoilsiú maidir le Cuntasacht agus Feidhmíocht na Státseirbhíse a Neartú, le maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, le hathbhreithniú a dhéanamh ar aighneachtaí a fuarthas agus tar éis a gcuid anailíse agus measúnaithe féin a bheith déanta moltaí a chur faoina bhráid lena mbreithniú. Chuir an Painéal Neamhspleách a dtuarascáil ar fáil don Aire an 30 Bealtaine. Leagan an tuarascáil seo amach moltaí an Phainéil Neamhspleách chun neartú a dhéanamh ar chuntasacht agus ar fheidhmíocht sa Státseirbhís. Tá moltaí Thuarascáil an Phainéil Neamhspleách rannpháirtithe i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Áirítear orthu sin, bunú Bord Cuntasachta na Státseirbhíse atá faoi chathaoirleacht an Taoisigh, agus le comhaltas seachtrach, tabhairt isteach próiseas athbhreithnithe feidhmíochta d'Ard-Rúnaithe, agus foilsiú *'who does what and to whom they are answerable'* do bhainisteoirí sinsearacha. Tá bunfhócas thuarascáil an Painéal Neamhspleáigh iontaobhas an phobail sa chóras riaracháin a neartú agus seachadadh beartais atá níos tapa agus níos freagraí ar fud na Státseirbhíse a chinntiú, léirithe anois i bPlean Athnuachan na Státseirbhíse.

**Athnuachan na Státseirbhíse**

Leanadh le hobair dhian a dhéanamh sa bhliain 2014 ar mhórchlár athraithe a fhorbairt do Ranna agus d'Oifigí na Státseirbhíse agus dá gcuid foirne. Lean Foireann an Chláir le tacaíocht a chur ar fáil do Thascfhórsa Athnuachana na Státseirbhíse a raibh 10 gcruinniú acu i rith na bliana. Rinne an Fhoireann forbairt agus bainistíocht ar mhór-phróiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíochta lena raibh baint ag 2,000 den fhoireann agus ag geallshealbhóirí eile. Áirítear leis sin straitéis chumarsáide spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt don chlár athnuachana, lena n-áirítear tairseach athnuachana a chuireann deis ar fáil le haghaidh cainéal acmhainne agus smaointe ar líne don fhoireann ar fud na Státseirbhíse. Chomh maith leis sin, reáchtáladh sraith de chruinnithe réigiúnacha i Hallaí Baile agus seimineáir athnuachana eile le deis labhartha a thabhairt don fhoireann. Bhí rannpháirtíocht ann freisin le gach Aire Rialtais, leis an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS) agus le saineolaithe ón OECD. Rinne an Tascfhórsa idirchaidreamh freisin leis an bPainéal Neamhspleách maidir le Feidhmíocht agus Cuntasacht sa Státseirbhís a Neartú.

Chuir an próiseas rannpháirtíochta eolas ar fáil do Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a rinne lánpháirtiú ar obair an Phainéil Neamhspleách maidir le Feidhmíocht agus Cuntasacht sa Státseirbhís a Neartú le hobair Thascfhórsa Athnuachana na Státseirbhíse.

Cheadaigh an Rialtas Plean Athnuachana na Státseirbhíse agus sheol an Taoiseach agus an tAire Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe an plean ina dhiaidh sin, an 30 Deireadh Fómhair 2014. Tugann an Plean imlíne ar 25 ghníomh praiticiúla a chruthóidh Státseirbhís atá níos comhaontaithe, níos gairmiúla, níos freagraí, níos oscailte agus níos cuntasaí a mbeidh ar a cumas seirbhís den scoth a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Chomh maith leis an bPlean, ullmhaíodh bonn fianaise a dhéanann mionsonrú ar phróifíl sonraí na Státseirbhíse agus Tuarascáil maidir le hAiseolas foirne i gcomhar leis an CSO agus foilsíodh iad sin freisin. Cuireadh tús le pleanáil feidhmithe do na chéad tosaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus le pleanáil cláir

foriomlán don Phlean ag tarraingt le deireadh na bliana 2014 agus thacaigh an Fhoireann Chláir le cruinnithe tionscnaimh Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse nua-bhunaithe.

**Cuntasaíocht Rialtais**
Tá an Roinn freagrach as forbairt beartais agus as comhairle ar bhainistíocht riosca, bainistíocht airgeadais agus as iniúchadh inmheánach. Sa bhliain 2014, chuir an Roinn treoir ar fáil i líon réimsí, go sonrach ar Chuntais Bhainc Phoiblí, ar Chuntasacht do Dheontais ó Chistí Státchiste, ar ullmhúchán Cuntais Leithreasa chun cuidiú leis na Ranna maidir lena gcuid ullmhúchán i ndáil le cuntais bhliantúla agus treoir an Choiste Iniúchóireachta. Thug an Roinn faoi athbhreithniú freisin ar riachtanais dlí san athrú chuig cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe.

Thuairiscigh foghrúpa Rialachais a bunaíodh sa bhliain 2013 chun forbairt a dhéanamh ar threoir ar ghnéithe rialachais ar Chaighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaigh le linn na bliana 2014 le treoir ghaolmhar ar iniúchóireacht rialachais a scaipeadh ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaigh.

Ar deireadh, lean an Roinn lena ról comhordaithe don Choiste um Chuntais Phoiblí, lena ról comhairleach do na Rannóga Vóta, Ranna agus an C&AG, agus chuir tacaíocht leanúnach ar fáil don Líonra Oifigeach Airgeadais agus do Chinn an Fhóraim Iniúchóireachta Inmheánaigh. D'eisigh an Roinn líon barántas freisin le linn na bliana 2014 maidir le ceapachán Ard-Rúnaithe mar Oifigigh Chuntasaíochta.

**An tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS)**
Tá sé mar aidhm leis an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS) seirbhís phoiblí atá níos lánpháirtithe a chur chun cinn ag leibhéal sinsearach le neartú a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar cheannaireacht shinsearach na seirbhíse poiblí. Sa bhliain 2014, lean an SPS le Straitéis Forbartha Ceannaireachta 2013-2015 a leathadh amach, a foilsíodh go luath sa bhliain 2013. Is iad príomhchuspóirí na straitéise:

- Cur le cumas ceannaireachta aonair agus eagraíochtúil
- Líonraí foghlama agus tacaíochta inbhuanaithe a chruthú ar fud an SPS
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt cultúr comhoibríoch
- Meicníocht a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt do mheaitseáil scileanna
- Tacú le forbairt aonair trí shoghluaiseacht
- Ceannairí SPS amach anseo a aithint agus a fhorbairt

Leathnaíodh an clár Cóitseála Feidhmiúcháin SPS le cinn na ngníomhaireachtaí stáit neamh-thráchtála a thabhairt san áireamh. Shínigh 52 státseirbhíseach sinsearach agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin ghníomhaireachtaí stát neamh-thráchtála le bheith rannpháirteach sa dara tráinse den chlár. Tá an t-aiseolas ar an gcóitseáil thar a bheith dearfach, bunaithe ar mheastóireacht na rannpháirtithe.

Lean an SPS le bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas soghluaiseachta do chomhaltaí SPS. D'athraigh trí chomhalta SPS ról trí shoghluaiseacht sa bhliain 2014. Leathnaíonn soghluaiseacht Tras-Rannach scileanna agus taithí ceannairí státseirbhíse agus boird bhainistíochta Roinne. Spreagann forbairt ghairmiúil leanúnach agus cuireann dearcadh úr ar fáil do bhoird bhainistíochta.

Rinne an SPS forbairt ar raon scileanna agus inniúlachtaí sonracha a bhaineann le cúrsaí agus le cláir forbartha do bhainisteoirí sinsearacha. Sa chomhthéacs seo, rinne an SPS píolótú ar chúrsa cumarsáide a bhí deartha le comhaltaí SPS a fhorbairt ó thaobh na cumarsáide agus le rannpháirtíocht dhearfach a dhéanamh le geallsealbhóirí seachtrach. D'fhreastail 20 rannpháirtí ó raon Ranna agus ó ghníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála ar an gcúrsa.

Reáchtáil an SPS cúig imeacht líonraithe sa bhliain 2014, lena n-áirítear Comhdháil Bhliantúil Líonra na Rúnaithe Cúnta i mí Aibreáin. Spreagann imeachtaí líonraithe comhghleacaíocht, luachanna comhroinnte agus roinnt neamhfhoirmiúil eolais agus taithí idir chomhaltaí SPS. Áiríodh ar na topaicí a pléadh ag na himeachtaí, cuntasacht, straitéis chumarsáide agus athnuachan na Státseirbhíse.

**Ag Pleanáil d'Fhórsa Saothair**

Tá pleanáil straitéiseach d'fhórsa saothair agus bainistíocht acmhainní daonna ríthábhachtach chun a chinntiú go gcoimeádann agus go gcuireann Ranna agus Oifigí an feabhas is fearr is féidir ar a gcumas seachadta seirbhíse. Lean an Státseirbhís le neartú agus le forbairt a dhéanamh ar a cuid cleachtais HR don Phleanáil d'Fhórsa Saothair sa bhliain 2014 trí na gníomhartha straitéiseacha seo a leanas:

- Bunú Líonra do Phleanáil d'Fhórsa Saothair, a éascaíonn soláthar forbartha agus tacaíochta i measc foirne HR ó Ranna agus ó Oifigí ar fud na Státseirbhíse.
- Comhairliúchán le Treoirlínte Pleanála d'Fhórsa Saothair agus Teimpléid Sonraí a thabhairt cothrom le dáta le riachtanais agus beartais nua a léiriú.
- Comhordú leis an Aonad Bainistíochta Caiteachais maidir le cead tarmligthe do Ranna agus d'Oifigí le hacmhainní foirne a chur ar fáil suas go dtí leibhéal Príomhoifigigh.

**Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS)**

Is ionann an CSEAS agus seirbhís láraithe a sholáthraíonn tacaíochtaí fostaí agus bainisteora ar fud na Státseirbhíse ar bhonn réigiúnach. Cuireann sé le forbairt leanúnach fórsa saothair a bhfuil teacht aniar ann, agus ar an tslí sin bíonn tionchar dearfach aige ar éifeachtúlacht eagraíochtúil. Leanadh le soláthar seirbhíse sa bhliain 2014 le hardú 25% i ndáil le húsáid i gcomparáid leis an mbliain 2013. Chuir anailís ar shuirbhé úsáideora seirbhíse, ar tugadh faoi i ndeireadh na bliana 2013, eolas ar fáil do phlean gnó 2014 maidir le seachadadh seirbhíse, beartas cumarsáide agus pleanáil chun cinn.

Foilsíodh treoir eolais ar mheabhairshláinte san áit oibre sa bhliain 2014, mar thionscnamh trasrannach chun saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn sa réimse seo a léiriú agus chun cur le feasacht. Leanfar leis an tionscnamh seo sa bhliain 2015 le seachadadh seisiúin eolais ar mheabhairshláinte san áit oibre. Cuireadh straitéis chumarsáide i bhfeidhm sa bhliain 2014 leis an CSEAS a neadú tuilleadh ar fud na Státseirbhíse agus chun nascacht geallsealbhóra a fheabhsú.

**Aonad Beartais Acmhainní Daonna (HR) na Státseirbhíse**

**Scéim Saoire Bhreoiteachta nua na Seirbhíse Poiblí**

Bhí tabhairt isteach scéim saoire bhreoiteachta nua seirbhíse poiblí mar mhór-éacht sa bhliain 2014. Is í an réasúnaíocht atá taobh thiar de thabhairt isteach na scéime nua costais agus minicíocht saoire bhreoiteachta a ghearradh ar fud na seirbhíse poiblí agus cur le táirgiúlacht.
Rinneadh na Rialacháin nua, a leagan amach forálacha na scéime, i ndeireadh mhí an Mhárta 2014, agus bhí laghdú suntasach i rochtain ar saoire bhreoiteachta íoctha d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí mar thoradh orthu.

Tá dul chun cinn suntasach déanta, ó tugadh isteach an scéim nua i gcur i bhfeidhm na scéime nua agus ar chaighdeánú soláthar saoire bhreoiteachta agus ar mhéadracht ar fud na seirbhíse poiblí.

**Beartas nua maidir le bulaíocht agus ciapadh**

Tugadh beartas nua maidir le bulaíocht agus ciapadh chun críche sa bhliain 2014 – Dínit ag an Obair. Leagtar amach sa bheartas nua nósanna imeachta lena mbeidh ar chumas an chomhalta foirne gearán a dhéanamh maidir le bulaíocht nó le ciapadh san áit oibre. Rinneadh an beartas nua a leagan amach, agus atá le seoladh go foirmiúil i dtús mhí Feabhra 2015, tar éis próiseas athbhreithnithe

cuimsitheach. Tá an beartas níos sruthlínithe agus furasta le húsáid. Cuireann an beartas nua béim ar an tábhacht a bhaineann le modhanna réitithe díospóide neamhfhoirmiúla san áit oibre, ar an mbonn go bhfuil na torthaí i bhfad níos fearr do na daoine aonair agus do na heagraíochtaí araon atá i gceist. Tá creat feidhmithe curtha ar bun lena n-áirítear bunú painéal imscrúdaitheoirí seachtracha leis na creataí ama a bhaineann le himscrúdú a laghdú; oiliúint agus tacaíocht leanúnach d'fhoireann na Roinne atá bainteach le bainistíocht a déanamh ar imscrúduithe; forbairt ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais nua.

**Tionscadal Acmhainní Daonna 2014 Coimeádta**

Le linn na bliana 2014, d'aistrigh ocht gcinn déag de Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí (PSB-anna) a ngnó trasghníomhaíochta Acmhainní Daonna chuig an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte HR (PeoplePoint). Thug an tAonad Beartais HR tacaíocht do na comhlachtaí seo le linn an phróisis aistrithe. Chuir an RHR comhéadan ríthábhachtach ar fáil leis na hAonaid HR aonair agus rinne éascú, trí athstruchtúrú, ar laghdú an lín foirne atá obair ar trasghníomhaíochta HR sna hAonaid HR áitiúla. Tá monatóireacht á déanamh ar an tírdhreach atá ag athrú i dtéarmaí struchtúir agus feidhme ar fud earnáil na státseirbhíse agus tabharfar tacaíocht do bhainistíocht acmhainní daonna atá níos fearr ar fud na státseirbhíse.

## 8. Caidreamh Tionsclaíoch agus Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí Inbhuanaithe

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

- Seirbhís Phoiblí atá i bhfad níos lú, le níos lú costais agus atá níos táirgiúla, faoi bhainistiú níos fearr agus atá dírithe ar thorthaí níos fearr a bhaint amach don saoránach.
- Rannpháirtíocht fhorghníomhach le leasa foirne maidir le hathchóiriú cleachtais fhostaíochta, agus tacaíocht a thabhairt do shíocháin thionsclaíoch sa tseirbhís phoiblí ag an am céanna.
- Laghdú suntasach i gcostas bille tuarastail foriomlán na seirbhíse poiblí.
- Cur i bhfeidhm éifeachtach Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2000-2014.
- Feabhas inbhuanaithe in inbhuanaitheacht fadtéarmach phinsin na seirbhíse poiblí.

Bhí sé mar fhócas leanúnach ag an Roinn don bhliain 2014 cur leis na laghduithe a baineadh amach i gcostas reáchtála na seirbhíse poiblí trí aghaidh a thabhairt ar an luach saothair (pá agus pinsin) a fuair fostaithe atá ann faoi láthair agus iarfhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus laghdú a dhéanamh ar uimhir na bhfostaithe atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Rinne bearta a glacadh faoi Chomhaontuithe na Seirbhíse Poiblí, ag an am céanna, seachadadh ar fheabhsúcháin i dtáirgiúlacht, rud a chuidigh leis na leibhéil chéanna nó leibhéil níos fearr seirbhíse a choinneáil. Lean sé sin le cothú díreach a dhéanamh ar an obair le seasamh fioscach na tíre a dhaingniú agus le freastal ar spriocanna buiséadach, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, go háirithe sa chostas a bhaineann le pinsin a íoc le hiarfhostaithe na seirbhíse poiblí.

**Comhaontú Bhóthar Haddington 2013-2016**

Déanann Comhaontú Bhóthar Haddington, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2013, ar feadh trí bliana, foráil do tháirgiúlacht shuntasach agus do bhearta athchóirithe atá mar phríomhchumasóir le haghaidh costais sa tseirbhís phoiblí a laghdú agus le seachadadh a dhéanamh ar an gcéad chéim eile de chlár uaillmhianach an Rialtais maidir le hathchóiriú na seirbhíse poiblí. Tá Comhaontú Bhóthar Haddington comhdhéanta de líon bearta lárnacha, a raibh athruithe reachtaíochta i gceist leo, agus a bhaineann le laghduithe agus le hincrimintí pá, méaduithe ar uaireanta oibre ar fud na seirbhíse poiblí, agus sraith bearta earnála ar nós; laghduithe i rátaí ragoibre, ardrátaí agus neamh-bhuníocaíochtaí, athruithe ar chleachtais oibre earnála eile, agus athbhreithniú ar íocaíochtaí maoirseachta agus ionadaíochta.

Mar aitheantas ar an gcastacht a bhaineann leis an gComhaontú agus le reachtaíocht bhunúsach FEMPI, lean an Rannóg le treallús a chur faoi, comhordú a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm agus do léirmhíniú an Chomhaontaithe ar bhealach comhsheasmhach ar fud na seirbhíse poiblí ar fad ar feadh na bliana 2014. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin don ghrúpa maoirseachta, a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí agus ó Choiste na Seirbhíse Poiblí den ICTU, a bunaíodh sa bhliain 2013 agus a tháinig le chéile ar bhonn rialta le linn na bliana 2014 le haghaidh a thabhairt ar ábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm agus le léirmhíniú a thagann chun cinn faoin gComhaontú.

Lean an Comhaontú le cur le cothabháil a dhéanamh ar ár seirbhísí poiblí ag am a bhfuil srianta ollmhóra ann ó thaobh acmhainní agus tá sé ag éascú seachadadh seirbhísí poiblí atá ríthábhachtach ag am a bhfuil éileamh níos mó ná riamh ar na seirbhísí sin. Thug na laghduithe costais agus na harduithe táirgiúlachta a raibh an Comhaontú i mbun éascaithe orthu scóip don Rialtas le hearcú a dhéanamh ar fhoireann bhreise chuig príomhsheirbhísí bunlíne. Cuideoidh an díbhinn athchóirithe seo le cothabháil a dhéanamh ar chlár athchóirithe seirbhíse poiblí trí athinfheistiú a dhéanamh ar roinnt den choigilteas éifeachtúlachta atá á sheachadadh againn ina seirbhísí feabhsaithe. Chomh maith leis sin tá síocháin thionsclaíoch bainte amach sa tseirbhís phoiblí ag am ríthábhachtach agus an tír ar a bealach chuig téarnamh geilleagrach.

**Athbhreithniú ar Thaisteal agus ar Chothabháil de réir an HRA**
Tugann Comhaontú Bhóthar Haddington ar aird go bhfuil sé i gceist ag an Rialtas athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe taistil agus cothabhála agus chuir na páirtithe faoi cheanglas comhoibriú leis an athbhreithniú agus le cur i bhfeidhm na socruithe caighdeánacha ar fud na seirbhíse poiblí.

Leanadh le hidirbheartaíocht le ceardchumainn na státseirbhíse le linn na bliana 2014. Táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú tugtha chun críche go luath sa bhliain 2015.

**Leasuithe Reachtúla maidir le Caidreamh Tionsclaíoch**
Tá leasuithe reachtaíochta san áireamh freisin i mBille um Chaidreamh san Áit Oibre 2014 a dhéanann foráil do (i) leasú ar reachtaíocht an FEMPI chun deireadh a chur le forálacha cumasaithe nach bhfuil riachtanach níos mó mar gheall ar rathúlacht Chomhaontú Bhóthar Haddington, agus (ii) leasú ar an Acht um Chaidreamh Tionsclaíoch 1990 a éascóidh rochtain air agus a chuirfidh státseirbhísigh san áireamh i ngnáth chóras feidhmithe caidreamh tionsclaíoch an Stát.

**Athbhreithniú Achtúireach ar Dhliteanas Pinsin na hEarnála Poiblí**
Tugadh faoi mheastóireacht achtúireach chun dliteanas fabhraithe maidir le pinsin ghairme na Seirbhíse Poiblí a thabhairt cothrom le dáta. Ba é an príomhthoradh a bhí ar an gcleachtas go meastar go seasann dliteanas fabhraithe iomlán maidir le pinsin ghairme na Seirbhíse Poiblí ag €98bn anois amhail mí na Nollag 2012. Sin i gcomparáid leis an meastachán roimhe seo de €116bn do 2009. Dá bhrí sin, tá titim tagtha ar an dliteanas le trí bliana ó 2009 go 2012 go €18bn nó 16%. Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an laghdú ná na ciorruithe pá agus pinsean ón bhliain 2009 agus stopadh ar ráta pá agus pinsean a ardú go dtí tar éis deireadh a bheith tagtha le Comhaontú Bhóthar Haddington.

**Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair**
Cuireadh tús leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair dá bhforáiltear di faoi Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 an 1 Eanáir 2013. Is ionann an Scéim agus an t-athchóiriú is suntasaí i bpinsin seirbhíse poiblí ó foráladh sa reachtaíocht do phinsin státseirbhíse den chéad uair sa bhliain 1834. Baineann sí le gach iontrálaí inphinsin nua chun na Seirbhíse Poiblí chomh maith le hiarfhostaithe de chuid na seirbhíse poiblí atá ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí tar éis briseadh de níos mó ná 26 seachtain.

Díríonn an Scéim Aonair seo ar choigilteas fadtréimhseach atá thar a bheith substaintiúil d'aon trian d'eisíocaíocht pinsean le coigilteas tuartha ag seachadadh go príomha ó fhabhrú pinsean atá bunaithe ar phinsean ag am scoir, ní ar thuilleamh gar d'am scoir (ní an tuarastal deiridh), nascáil bhoilscithe (ní pá) sochair, agus íos-aois níos airde pinsean (68 bliain d'aois don chuid is mó de na daoine atá ag dul isteach den chéad uair). Leanann cur i bhfeidhm athchóiriú suntasach den sórt sin ar phinsin seirbhíse poiblí ionchur tacaíochta feidhmithe na Rannóige a éileamh i ngach earnáil den tseirbhís phoiblí.

Bhí roinnt forbairtí incriminteacha ann a bhain leis an Scéim Aonair sa bhliain 2014:

- Tar éis suirbhé ar mhór-scála ar riarachán pinsean ar fud na seirbhíse poiblí, tugadh tuarascáil bunlíne ar riarachán reatha na scéime chun críche.
- Bunaíodh bord chlár idir-rannach le breithniú agus cinneadh a dhéanamh maidir le riarachán is fearr ar an Scéim amach anseo, go háirithe ag díriú ar an leathadh amach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an ngné lárnach den riarachán.
- Eisíodh Ciorclán (Ciorclán DPER 11/2014) a chuireann treoir ar fáil d'fhostóirí maidir le gnéithe oibríochtúla na Scéime, go háirithe sochair a ríomh agus ráitis sochar comhalta a ullmhú.
- Rinneadh dul chun cinn i leith bunú/mionsaothrú rialacha na Scéime a bhaineann le hAistriú Isteach/Ceannach seirbhíse agus luathscor ar fhorais liachta.

**Samhailscéim Pinsean do Ghníomhaireachtaí Stáit Neamhthráchtála**

Cuireadh socruithe athbhreithnithe riaracháin chun scéimeanna pinsean a bhunú/a cheadú i ngníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála (a soláthraíonn sochair d'fhostaithe a earcaíodh roimh thabhairt isteach na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair), i bhfeidhm sa bhliain 2014. Ionchorpraíodh sraith nua caighdeánaithe, a bhí tugtha cothrom le dáta de na Rialacha Aoisliúntais in Ionstraim Reachtúil - I.R. Uimh. 582 de 2014 – *RULES FOR PRE-EXISTING PUBLIC SERVICE PENSION SCHEME MEMBERS REGULATIONS 2014* mar chuid de na socruithe nua. Cuirfidh na socruithe athbhreithnithe le héifeachtúlacht riaracháin níos fearr, laghdóidh costais a bhaineann le hullmhú scéimeanna den sórt sin, agus cuideoidh le struchtúr ginearálta níos comhleanúnaí pinsean seirbhíse poiblí a fhorbairt.

**Scéim Pinsin Thuaidh-Theas (Athchóirithe Hutton)**

Tugadh isteach rátaí ranníocaíochta athbhreithnithe do chomhaltaí Thuaisceart Éireann den Scéim Pinsin Thuaidh-Theas an 1 Iúil 2014, ag teacht leis na leasuithe a bhí molta ag an Tiarna Hutton don *Principal Civil Service Scheme* (Tuaisceart Éireann). Tugadh an idirbheartaíocht chun críche ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais i mí Lúnasa na bliana 2014 maidir le cur i bhfeidhm na socruithe athbhreithnithe do chomhaltaí an Deiscirt. Comhaontaíodh go mbeadh an rogha ag comhaltaí an Deiscirt fanacht leis an Scéim Pinsin Thuaidh/Theas faoi réir leasuithe "Hutton" nó filleadh ar stádas "Cearta Forchoimeádta". Beidh feidhm ag na hathruithe ar Chomhaltaí ábhartha an Deiscirt den Scéim Pinsin Thuaidh/Theas le héifeacht ón 1 Aibreán 2015 agus cuideoidh le hinbhuanaitheacht fadtéarmach na scéime a chinntiú.

**Tacaíocht don Chóras Daonlathach**

Mar chuid de chlár athchóirithe polaitiúil foriomlán an Rialtais, síníodh an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014 ina dhlí i mí Aibreáin. Rinne sé foráil do laghdú de 10%, i gcostas Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminteach is iníoctha maidir le costais páirtí polaitíochta (ar a dtugtaí Liúntas do Cheannairí Páirtí roimhe seo), le héifeacht ón 1 Iúil 2014, arbh ionann é agus coigilteas measta bliana iomlán de €0.84 milliún in aghaidh na bliana. Chomh maith leis sin thug an tAcht isteach bearta tuairiscithe agus iniúchóireachta feabhsaithe do cheannairí parlaiminteach agus leathnaíodh na bearta le comhaltaí neamhspleách an Oireachtais atá ag fáil an liúntais a thabhairt san áireamh. Rinne sé foráil freisin don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí ar mhaithe le ról níos fearr sa phróiseas tuairiscithe maidir le caiteachas ó liúntas. Chomh maith leis na hathruithe maidir leis an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminteach, agus de réir Chlár an Rialtais, rinne an tAcht foráil freisin do chur ar ceal scaoilíocaíochtaí d'Airí agus do Shealbhóirí Oifige Parlaiminteach eile. Dá réir sin, ní bheidh íocaíochtaí den sórt sin á bhfáil ag Sealbhóirí Oifige reatha nó a bheidh ann amach anseo ag deireadh a dtéarma Oifige.

## 9. Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais & ríomhRialtais

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

- Níos mó seirbhísí agus sonraí Rialtais a chur ar fáil go leictreonach, agus bainistíocht a dhéanamh air agus roinnt níos fearr a dhéanamh ar shonraí agus ar sheirbhísí, maidir le seachadadh seirbhíse spriocdhírithe do gach úsáideoir de chuid na seirbhísí poiblí.
- Seachadadh a dhéanamh ar chlár TFC agus ríomhRialtais an Rialtais.

Bunaíodh Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais i mí Iúil na bliana 2013, a tháinig in áit an Lárionaid Forbartha Bainisteoireachta agus Eagrúcháin (CMOD) mar Rannóg de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé mar ról aici Comhairle CIO tras-eagraíochtúil a stiúradh maidir le leagan amach agus feidhmiú a dhéanamh ar Straitéis TFC don tSeirbhís Phoiblí, a bheidh chun tosaigh maidir le córais agus beartais Seirbhísí Poiblí trasrannacha, agus le raon seirbhísí TFC a chur ar fáil dá bonn custaiméirí atá ann faoi - an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Airgeadais, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus Oifig um Sholáthar Rialtais. Cuireann an chuid seo achoimre ar fáil maidir le gníomhaíochtaí le linn na bliana 2014 faoi Ráiteas Straitéise 2011-2014. Baineann an méid a baineadh amach agus dul chun cinn eile le dhá phrionsabal phríomha an Ráitis Straitéise, trí:

- Bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas poiblí ag leibhéil níos inbhuanaithe ar bhealach atá pleanáilte, réasúnach agus cothromaithe chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmíocht eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta na hÉireann.
- Struchtúir riarachán agus rialachas poiblí a bheith ann atá trédhearcach, éifeachtúil, cuntasach agus freagrach.

**Forbairt Straitéise agus Bainistíocht Feidhmithe**
Tá an OGCIO freagrach as forbairt agus comhordú a dhéanamh ar straitéis a bhaineann le TFC don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí. Áirítear ar ghníomhaíochtaí na bliana 2014 a bhaineann le forbairt straitéise agus le bainistíocht feidhmithe:

- Forbairt ar Straitéis TFC don tSeirbhís Phoiblí.
- Rinne an CIO cathaoirleacht air agus sholáthair rúnaíocht do Chomhairle an CIO, agus dhírigh obair na Comhairle ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí.
- Tugadh forléargas ar dhul chun cinn ríomhRialtais chun críche roimh ullmhú Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí.
- Tionscnaíodh cleachtas bunlíne TFC le tuiscint níos fearr a fháil ar an tírdhreach TFC reatha ar fud na Seirbhíse Poiblí.
- Tá leathnú Oifig an CIO faoi bhealach le cur ar a cumas tacaíocht agus treallús a chur faoi fheidhmiú Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí. Áirítear air sin feabhas a chur ar a cuid oibríochtaí, cumas forbartha agus bainistíochta cláir.

**Forbairt & Dearadh Láithreán Gréasáin**
Cuireann an OGCIO tacaíocht agus treoir theicniúil ar fáil dá cuid úsáideoirí seirbhíse ar fud raon leathan réimsí, lena n-áirítear láithreáin ghréasáin. Áiríodh ar obair le linn na bliana 2014:

- Tacaíocht leanúnach do os cionn 50 láithreán gréasán
- Athdhearadh agus forbairt
    - láithreán gréasáin an CMO – (http://www.cmo.gov.ie)
    - láithreán gréasáin an FOI – (http://www.foi.gov.ie)

- athdhearadh ar phríomhláithreán gréasáin na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí agus a réimse comhaltaí – (http://www.sps.gov.ie)
- Forbairt ar:
    - láithreán gréasáin Bhuiséad 2015 – http://www.budget.gov.ie/Budgets/2015/2015.aspx
    - Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann – http://igees.gov.ie/
    - láithreán gréasáin réimse comhaltais na mBord Stáit - http://membership.stateboards.ie/
    - láithreán gréasáin an Phlean Athchóirithe - http://www.reformplan.per.gov.ie/ agus,
    - láithreán gréasáin Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí - http://ictstrategy.per.gov.ie/

**Forbairt Córais**
Bhí an Rannóg Forbartha Córais san OGCIO freagrach as leathadh amach na gcóras/seirbhísí seo a leanas sa bhliain 2014.

- Ardán Tuairiscithe an IRDP, https://irdpreports.per.gov.ie, d'aighneachtaí ar líne maidir le nuashonruithe IRDP ar fud Ranna.
- Tá leathadh amach déanta go rathúil ar ePMDS ar fud foirne faoi thacaíocht *PeoplePoint*.
- Tá uasghrádú déanta ar shraith feidhmchlár an *Single Customer View* agus áirítear anois feidhmchlár nua – an *PSI Lookup*.
- Seirbhís Foilsithe Cásanna Báis níos sruthlínithe le rochtain via struchtúr ainm úsáideora/pasfhocal.
- Córas aighneachta inmheánach nua ar mhaithe le húsáid na foirne sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sa Roinn Airgeadais araon.
- Córas nua Ceisteanna Parlaiminteacha ar mhaithe le húsáid na foirne sa Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sa Roinn Airgeadais araon.
- Tacaíocht agus forbairt leanúnach ar Láithreáin Fhoirne *SharePoint* inmheánach le sruthlíniú a dhéanamh ar chomhoibriú na foirne laistigh de bhonn custaiméara an OGCIO.

**Anailísiú Sonraí ag Tacú le Bainistíocht Mhaith Airgeadais**
Lean an OGCIO ag obair le linn na bliana 2014, chun a chinntiú go raibh na príomhshonraí airgeadais agus caiteachais á gcur ar fáil le tacaíocht a thabhairt do sheachadadh éifeachtúil agus éifeachtach Chlár an Rialtais, an Phlean Athchóirithe agus an Ráitis Straitéise trí:

- Seachadadh rathúil Bhuiséad agus Ioncam 2015 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Seachadadh rathúil Tuarascáil Chaiteachais Chuimsitheach 2015-2017.
- Tacú le Córais Tuairiscithe Airgeadais na Roinne.
- Cuireadh nuashonrú ar bhonn rialta ar fáil don CSO maidir le príomhshonraí Roinne mar chuid dár dtiomantas faoi Chomhaontú Trédhearcachta Fioscach an IMF.
- Forbairt agus leathadh amach córas nua ríomhBhuiséid na Roinne Airgeadais le sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas buiséadaithe.
- Chuaigh láithreán gréasáin Irelandstat.ie, http://irelandstat.gov.ie/, beo go hiomlán agus áirítear ansin sraitheanna sonraí agus feidhmiúlacht feabhsaithe.
- Feabhsú ar bhanc sonraí an PER, http://databank.per.gov.ie/, le gnéithe Sonraí Oscailte le haghaidh onnmhairiú sonraí agus tagairtí a thabhairt san áireamh.

**Infrastruchtúr TFC**
Soláthraíonn an OGCIO infrastruchtúr agus tacaíocht TFC dá bonn custaiméirí. Rinneadh seachadadh rathúil sa bhliain 2014 ar:

- An straitéis Chumarsáide Comhaontaithe (UC) ina raibh gairis dhifriúla agus feidhmchláir (ríomhaire deisce, ríomhaire glúine, táibléad, fón póca) in ann rochtain a chur ar fáil go héasca ar ábhar teachtaireachtaí éagsúla gan uaim (sonraí, guth, físeán, ríomhphost, teachtaireachtaí téacs). Bhí úsáid *Microsoft Exchange* 2013, *Microsoft Lync* 2013, gairis hibrideach, Wi-Fi, Fón IP, Gléas Cinn, Ceamara Gréasáin agus Cianrochtain mar chomhpháirteanna lárnacha na straitéise seo. Tacaíonn an obair seo leis an iarracht leanúnach le cur le táirgiúlacht agus éifeachtúlacht foirne ina gcuid tascanna ó lá go lá.
- Córais TFC don OGP agus don Oifig Náisiúnta Comharsheirbhísí (NSSO) (PP, PSSC, agus FMSS) ar fud thart ar 12 láthair ar fud na tíre.
- Comhdhlúthú agus fíorúlú freastalaí-cúil a chuireann an méid is féidir le húsáid agus fáil a bheith ar ár n-acmhainní ríomhaireachta.

**Seachadadh Seirbhíse**
Soláthar seirbhísí tacaíochta TFC do ríomhaire deisce, d’infrastruchtúr agus d’feidhmchláir lárnacha, lena n-áirítear:

- Soláthar Deisce Cabhrach 1ú leibhéal mearfhreagartha do bhonn custaiméirí an OGCIO ar fud gach réimse TFC.
- Soláthar ar ghéarú luais ródúcháin gach Deisce Cabhrach 1ú leibhéal chuig tacaíocht 2ú leibhéal agus 3ú leibhéal.
- Tacaíocht iomlán feidhmchláir agus ardáin don NSSO, lena n-áirítear Córas Bainistíochta HR ar fud na Státseirbhíse agus an córas bainistíocht Phárolla.
- Bainistíocht caidreamh custaiméara, lena n-áirítear géarú ar luas éileamh oibre agus triáis.
- Tacaíocht oibriúcháin feidhmchláir, lena n-áirítear uasghrádú, cumraíocht agus bainistíocht paiste.

**Líonraí Rialtais**
Soláthraíonn Líonraí Rialtais an OGCIO líon seirbhísí don tSeirbhís Phoiblí neamhthráchtála a bhfuil líonra príobháideach ar mhórscála mar bhonn taca leis. Áirítear ar ghníomhaíochtaí Líonraí Rialtais sa bhliain 2014:

- Tá líon príomhionad sonraí príobháideacha nasctha le Líonraí Rialtais, agus úsáid á baint as nascacht bandaleithead, chun deis a thabhairt do ghníomhaireachta leas a bhaint as a seirbhísí óstáilte.
- Tá leathadh amach déanta ar fud Bhaile Átha Cliath ar fháinne 10 Gigighiotán in aghaidh an tsoicind a nascann gníomhaireachtaí. Rinneadh seachadadh freisin ar fháinne tiomanta le nascacht a chur ar fáil d'ionaid uirbeacha ar fud na tíre. Tabharfaidh na líonraí nua seo deis do ghníomhaireachtaí le seirbhísí feabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí agus don fhoireann araon ag luas níos airde agus le teacht aniar níos fearr líonra.
- Tacaíocht do thart ar 280 IP de gheataí teileafónaíochta a thugann deis do ghníomhaireachtaí le leas a bhaint as rátaí glaonna atá i bhfad níos lú. Déileálann an córas seo le thart ar 100,000 glao in aghaidh an lae.
- Tacaíocht ó sheirbhísí lárnacha líonra ar nós geataí ríomhphoist seachtracha, seirbhísí criptiúcháin ríomhphoist, DNS, NTP, srl.
- Soláthar comhairle agus cúnaimh a bhaineann le seirbhísí teileachumarsáide do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí.

**Cumarsáid**

Leanann an OGCIO leis an gcuntas Twitter ríomhRialtais a oibriú le seirbhísí ar líne a chur chun cinn agus tá siad rannpháirteach leis an bpobal trí sheoladh ríomhphoist tiomanta le haghaidh fiosrúcháin ar ábhair ríomhRialtais a bhfuil monatóireacht á dhéanamh air.

**Rannpháirtíocht ag Leibhéal AE & ag Leibhéal Idirnáisiúnta**

Cuirtear eolas ar fáil d'fhorbairt beartais ag leibhéal náisiúnta ó líon gníomhaíochta AE & ó ghníomhaíochtaí Idirnáisiúnta. Rinne an OGCIO ionadaíocht ar Éirinn maidir le líon de na gníomhaíochtaí seo, lena n-áirítear:

- Monatóireacht ar fhorbairtí agus ionadaíocht ar Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta éagsúla (EU, OECD), nuair a bhí gá leis.
- Lean le stiúradh a dhéanamh ar Chuibhreannas Náisiúnta na hÉireann i dtionscadal e-SENS an AE (Seirbhísí Líonraithe Simplí Leictreonacha Eorpacha).

## 10. Seirbhísí Comhroinnte

| **Ráiteas Straitéise 2011 – 2014** |
|---|
| • Níos mó seirbhísí agus sonraí Rialtais a chur ar fáil go leictreonach, agus bainistíocht a dhéanamh orthu agus roinnt níos fearr a dhéanamh ar shonraí agus ar sheirbhísí, maidir le seachadadh seirbhíse spriocdhírithe do gach úsáideoir de chuid na seirbhísí poiblí.<br>• Seachadadh a dhéanamh ar chlár TFC agus ríomhRialtais an Rialtais. |

**Comhthéacs**
Déanann Seirbhísí Comhroinnte, mar ghné lárnach de *Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016* iarracht leas a bhaint as na teicneolaíochtaí nuálacha is déanaí ar mhaithe le luach níos fearr ar airgead. Déanann Seirbhísí Comhroinnte foireann na Seirbhíse Poiblí a shaoradh le díriú ar réimsí níos straitéisí agus ar sheirbhísí lárnacha. Laghdaíonn sé dúbáilt ar fud eagraíochtaí agus cuireann feabhas ar éifeachtúlacht.

**An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte**
Bunaíodh an NSSO le linn na bliana 2014 laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bhonn riaracháin ar dtús. Ceapadh a chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Hilary Murphy-Fagan, Uasal, go foirmiúil i mí an Mheithimh. Tá an Oifig freagrach as seachadadh Seirbhísí Comhroinnte laistigh den Státseirbhís agus déanann maoirseacht ar an maoiniú agus ar an gcaiteachas go léir a bhaineann leis an Vóta Seirbhísí Comhroinnte.

Sa bhliain 2014,

- Cuireadh tús le hobair le forbairt a dhéanamh ar Straitéis NSSO do na blianta atá amach romhainn, lena n-áirítear Fís, Misean agus Luachanna.
- Chuir an NSSO chun cinn go lárnach líon príomhbheartais seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear forbairt Beartas Cosanta Sonraí, dréacht-Chairt maidir le Seirbhís do Chustaiméirí, Dréacht-Straitéis Cumarsáide agus tús le hobair ar Phleanáil Leanúnachais Ghnó.
- Cuireadh eolas ar fáil go gníomhach maidir leis an mBeartas Rialachais Seirbhísí Comhroinnte chun comhlíontacht a chinntiú.
- Rinneadh forbairt ar uirlis rianaithe buntáistí sainoiriúnaithe lena cur i bhfeidhm ar fud Seirbhísí Comhroinnte.
- Tugadh tacaíocht d'iniúchadh iomlán a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Vóta na Seirbhísí Comhroinnte chomh maith le tabhairt isteach caighdeán ISAE 3402 agus cuireadh tús le hobair 'ullmhacht le haghaidh iniúchadh' sa *PeoplePoint* agus sa PSSC araon.
- Tugadh faoi phearsanra ceannaireachta príomha NSSO a earcú freisin.

**Tionscadail Seirbhísí Comhroinnte na Státseirbhíse**
Ag teacht le socruithe comhaontaithe rialachais, ghlac an NSSO le ról ceannaireachta i gcur chun cinn tionscadail Státseirbhíse le comhpháirt Seirbhísí Comhroinnte, i gcomhpháirtíocht le hÚinéirí Freagracha Sinsearach agus Boird Cláir.

Comhaontaigh an Rialtas, go luath sa bhliain 2014, gur chóir leanúint leis an obair ar an gcéim deartha mionsonraithe de Thionscadal Seirbhísí Comhroinnte um Bhainistíocht Airgeadais. Tugadh staidéar féidearthachta d'Fhoghlaim agus d'Fhorbairt sa Státseirbhís chun críche i ráithe 2. Tugadh faoi chleachtas bunlíne ar Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair i ráithe 4 agus bunaíodh Bord Chláir tiomanta.

**Seirbhísí Comhroinnte in Earnálacha Seirbhísí Poiblí eile**
Tá ról ceannaireachta ag an NSSO freisin ó thaobh tacaíocht a thabhairt do phríomhearnálacha Seirbhíse Poiblí Oideachais, Sláinte agus Rialtas Áitiúil de réir mar a chuireann siad chun cinn a gcuid Pleananna Seirbhísí Comhroinnte aonair. Tugadh na Pleananna seo chun críche go luath sa bhliain 2014. Tá Comhairle Chontae Laoise i mbun stiúrtha ar leathadh amach Seirbhísí Comhroinnte párolla agus aoisliúntais don Rialtas Áitiúil ar a dtugtar *My Pay*. Tá Seirbhísí Comhroinnte um Bhainistíocht Airgeadais agus Párolla do na Boird Oideachais agus Oiliúna ag leanúint ar aghaidh ar bhonn tosaíochta san Earnáil Oideachais. Tá dul chun cinn a dhéanamh ar staidéar féidearthachta agus ar chás gnó do chóras airgeadais lánpháirtithe aonair san Earnáil Sláinte, mar aon le hobair ar réiteach sonrascú leictreonach.

**Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Státseirbhíse (PSSC)**
Sheol an tAire Howlin an PSSC go foirmiúil i mí na Nollag 2014. Tá íocaíocht tuarastail, pinsin agus costais taistil & cothabháil ar fad faoi scóip an PSSC.

Tá an PSSC á bhunú i dtrí láthair: An Tulach Mhór, Cill Airne agus Gaillimh. Nuair a bheidh sé i mbun feidhme iomlán, cuirfidh sé seirbhís ar fáil d'íocaithe ar fud 53 comhlacht difriúil Seirbhíse Poiblí. D'aistrigh 16 eagraíocht chuig an PSSC sa bhliain 2014:

| | |
|---|---|
| ➢ Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | ➢ An Coimisiún um Athchóiriú Dlí |
| ➢ An tSeirbhís Cúirteanna (Sealbhóirí Oifige) | ➢ An Bord um Chúnamh Dlíthiúil |
| ➢ An Roinn Airgeadais | ➢ An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| ➢ An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | ➢ An tUachtarán & Teaghlachas an Uachtaráin |
| ➢ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | ➢ Oifig an Ombudsman (lena n-áirítear an CPSA) |
| ➢ An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | ➢ An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| ➢ An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí | ➢ REBO |
| ➢ HIQA | ➢ An tSaotharlann Stáit |

***PeoplePoint***
Is ionann *PeoplePoint* agus Seirbhís Comhroinnte Riaracháin Pinsin don Státseirbhís. Nuair a bheidh sé i mbun feidhme iomlán, cuirfidh sé seirbhís ar fáil do 38 comhlacht difriúil Seirbhíse Poiblí.

Ag deireadh na bliana 2014, bhí *PeoplePoint* ag cur seirbhísí ar fáil d'fhostaithe i 21 Comhlacht Seirbhíse Poiblí agus d'aistrigh 8 gcinn acu sin chuig *PeoplePoint* le linn na bliana.

## 11. An Oifig um Sholáthair Rialtais

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

- Ag cur leis an méid gníomhaíochta seirbhíse poiblí a dhéantar a sheachadadh trí shamhlacha seachadta éagsúla.
- Seachadadh Seirbhísí comhroinnte nua sa Státseirbhís.
- Fócas neartaithe ar luach ar airgead agus ar eolas feidhmíochta, atá níos lánpháirtithe le próisis le hacmhainní a leithdháileadh.

Tá laghdú costais agus luach níos fearr ar airgead a bhaint amach trí athchóiriú a dhéanamh ar sholáthar poiblí ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí.

Chuir an Oifig um Sholáthar Rialtais ("OGP"), a oibríonn mar oifig de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tús le hoibríochtaí sa bhliain 2014, agus tá sí, i gcomhar le cheithre phríomhearnáil eile (Sláinte, Cosaint, Oideachas agus Rialtas Áitiúil), ag glacadh freagrachta as foinsiú a dhéanamh ar gach earra agus seirbhís thar ceann na seirbhíse poiblí. Sa bhreis air sin, glacann an OGP freagracht freisin as beartas soláthair agus as nósanna imeachta agus as córais tacaíochta soláthar láraithe.

Sa bhliain 2014 chuir an OGP lena cumas, ag bailiú sonraí caiteachais agus ag déanamh athnuachan ar a treoir maidir le soláthar agus ar fhorbairt a cuid pleananna mionsonraithe do 2015.

Éilíonn lárú a dhéanamh ar oibríochtaí soláthair aistriú foirne nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ó oifigí ar fud na Seirbhísí Poiblí chuig aon oifig amháin. D'aistrigh foireann ón tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (NPS) go foirmiúil chuig an OGP le héifeacht ón 1 Eanáir 2014 agus tugadh faoi earcú d'fhormhór na róil OGP a bhí fanta le linn na bliana 2014, ag mealladh daoine le tallann agus le taithí ó oifigí ar fud na Seirbhíse Poiblí chomh maith leis an earnáil phríobháideach. Faoi dheireadh na bliana 2014, bhí thart ar 60% dá líon foirne ag an OGP agus iad i mbun feidhme, agus tá foireann d'fhormhór na ról atá fanta aitheanta agus le teacht ar bord go luath sa bhliain 2015.

Tionscain an OGP tionscadal i bhfómhar na bliana 2013, chun tús a chur le heolas caiteachais a bhailiú ó cheithre earnáil den tseirbhís phoiblí - Sláinte, Oideachas, Rialtas Áitiúil agus Dlí agus Cirt - arbh ionann é agus os cionn 80% de chaiteachas Stáit ar earraí agus ar sheirbhísí. Bhí toirt mhór de chaiteachas an Stáit do na blianta 2011-2014 bailithe in aon stór lárnach amháin ag an OGP faoi dheireadh na bliana 2014. Le linn na bliana 2014, bhog an tionscadal ar aghaidh chuig an dara céim, agus áireoidh sé sin an Rialtas Láir, nuair a bheidh sé críochnaithe. Cuirfidh an tionscnamh láraithe sonraí seo deis ar fáil den chéad uair le tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas neamhphá trasghníomhaíochta don tSeirbhís Phoiblí . Tabharfaidh na tuarascálacha sin tuairim tháscach maidir leis an méid atá á chaitheamh ag an tSeirbhís Phoiblí, cé leis agus cé na catagóirí earraí agus seirbhísí atá i gceist, a dhéanfaidh éascú ar phróiseas déanta cinntí soláthar atá bunaithe ar fhíric.

Chas an OGP le linn na bliana 2014, le formhór a príomhchustaiméirí Ranna agus Gníomhaireachtaí chun tús a chur leis an bpróiseas maidir lena bpíblíne foinsithe tionscadail a aistriú chuig an OGP agus chuig eagraíochtaí foinsithe eile. Tá socruithe aistrithe á mbainistiú trasna na n-eagraíochtaí foinsithe seo le freagracht a ailíniú.

Meastar go seasfaidh coigilteas ag €63.6m ón gclár athchóirithe soláthar foriomlán don bhliain 2014, lena n-áirítear €16.5m i gcostais arduithe praghas fuinnimh a sheachnófar. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh ardú ar choigilteas sa bhliain 2015.

Tá sé de dhualgas ar an OGP coigilteas inbhuanaithe a bhaint amach agus tá an OGP ag glacadh cur chuige cothrom ó thaobh luach ar airgead a sheachadadh don cháiníocóir, ag cinntiú go bhfuil soláthar poiblí inrochtana do gach gnó, lena n-áirítear SME-anna.
Chuige sin, seoladh Ciorclán *10/2014: Initiatives to assist SMEs in Public Procurement* in Aibreán na bliana 2014 ar mhaithe le tuilleadh cúnamh a thabhairt do SME-anna agus le borradh a chur faoi sheachadadh beartais áirithe sa Treoir Soláthar nua 2014/24/EC. Tá treoirlínte sa Chiorclán maidir le soláthróirí poiblí ina leagtar amach cumas airgeadais ábhartha agus comhréireacht, leibhéil láimhdeachais agus árachais do ghnólachtaí tairisceana agus foroinnt conarthaí atá níos mó ina gcodanna le cur ar chumas SME-anna tairiscint a chur isteach le haghaidh na ndeiseanna sin. Sa bhreis air sin, spreagann na treoirlínte SME-anna le cuibhreannas a chur chéile sa chás nach bhfuil siad ar scála leordhóthanach le tairiscint a chur isteach as a stuaim féin agus le húsáid iomlán a bhaint as ardán tairisceana leictreonach na hÉireann, ríomhThairiscint, agus leas a bhaint as a feidhmiúlacht. Rinne an OGP seachadadh freisin ar ghnéithe nua ar ríomhThairiscint le feabhas a chur ar thrédhearcacht tairisceana agus le tacaíocht a thabhairt do SME-anna, lena n-áirítear athruithe ar chlárú agus ar thaifeadadh bronnadh conarthaí atá níos mó ná €25,000. Áirítear ar thacaíocht eile atá a chur ar fáil do SME-anna, imeachtaí agus seimineáir rialta ar nós imeachtaí *Meet the Buyer*. Reáchtáladh dhá imeacht *Meet the Buyer* sa bhliain 2014 – ceann i mBéal Feirste agus ceann i mBaile Átha Cliath – ar a fhreastail os cionn 1,100 SME-anna.

Tugadh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar shraith nua treoracha soláthar poiblí chun críche freisin sa bhliain 2014. Fuarthas aighneachtaí ó speictream leathan réimsí, lena n-áirítear comhlachtaí ionadaíochta dlí, SME, acadúil agus tionscal.

Fógraíodh Grúpa Tionscadal Clásail Shóisialta idir-rannach, faoi stiúir an OGP, freisin i mí an Mheithimh 2014, le tosaíochtaí beartais oiriúnacha a aithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí chlásail shóisialta a chur isteach i gconarthaí poiblí. Is é ról an Ghrúpa féachaint go forghníomhach ar na tionscadail le súil agus clásal sóisialta a chur san áireamh lena chinntiú go gcuireann siad siúd a mbronntar conarthaí orthu le deiseanna fostaíochta agus oiliúna do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Déanfar athbhreithniú ar an Tionscadal Píolótach tar éis tréimhse 12 mhí. Is é an cuspóir foghlaim ó thaithí phraiticiúil tríd an Tionscadal Píolótach seo, chomh maith leis an taithí ó dhlínsí eile, ar mhaithe le creat soláthair shóisialta láidir atá éifeachtach a fhorbairt.

Tugadh an t-athbhreithniú ar chonarthaí oibreacha poiblí chun críche sa bhliain 2014. Fógraíodh líon moltaí eatramhacha a d'eascair ón athbhreithniú i mí na Nollag 2014. Tá sé mar aidhm leis na moltaí an riosca atá á aistriú faoi láthair chuig conraitheoirí faoi na conarthaí a athchothromú mar aitheantas ar an timpeallacht eacnamaíochta difriúil go dtí an ceann inar cuireadh na conarthaí i láthair ann sa bhliain 2007 agus go háirithe na dúshláin atá thar a bheith difriúil atá i ndán don Rialtas agus don tionscal araon maidir le seachadadh a dhéanamh ar thionscadail tógála.
Cuirfear na moltaí i bhfeidhm i lár na bliana 2015. Beidh rannpháirtíocht níos leithne ar thionscadail soláthar poiblí le geallsealbhóirí tionscal ar siúl ar feadh na bliana 2015.

Bhí an OGP ar cheann de líon comhlachtaí poiblí a chuir le gníomhartha faoin bPlean Gnímh Maidir le Poist 2014 an Rialtais. Thug an OGP 8 ngníomh chun críche faoin bplean.

Ba bhliain rathúil a bhí sa bhliain 2014 don Oifig um Sholáthar Rialtais ó thaobh tógáil ar a cumas le seachadadh a dhéanamh ar a sainordú, ag cur feabhas ar eolas caiteachais neamhphá ar fud an Stáit agus ag cur treallús faoi thionscnamh beartais le tacaíocht a thabhairt don gheilleagar níos leithne.

## 12. Cumas agus Rialachas Roinne

**Ráiteas Straitéise 2011 – 2014**

*Áirítear ar Phríomhchumasóirí le Tacaíocht a thabhairt do Straitéis na Roinne:*

- Bainistíocht níos fearr ar fheidhmíocht foirne agus aonair.
- Ailíniú níos fearr ar Struchtúir Roinne agus imlonnú foirne le straitéis atá ag teacht chun cinn.
- Cumas agus scileanna a láidriú, go háirithe ceannaireacht athraithe agus meastóireacht cláir.
- Pleanáil Gnó.
- Bainistíocht Riosca

**Bainistíocht Acmhainní Daonna**
Tá Aonad Straitéise HR freagrach as forbairt agus seachadadh a dhéanamh ar Straitéis HR na Roinne agus as raon leathan seirbhísí HR a sholáthar. Is ionann an tAonad Straitéise HR agus príomhchumasóir a thugann deis don Roinn a cuspóirí lárnacha caiteachais agus athchóirithe a chomhlíonadh trína chinntiú go ndéanann an fhoireann an cion is fearr is féidir agus go bhfuil na scileanna agus an t-eolas acu atá riachtanach le freastal ar éileamh rialtais nua-aimseartha agus ar ionchais custaiméirí agus geallsealbhóirí na Roinne.

Lean an Roinn, sa bhliain 2014, le leathnú a dhéanamh ar bhonn geografach agus oibríochtúil araon trí Oifigí Seirbhísí Comhroinnte, an OGP agus an OGCIO a bhunú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Rinneadh athchumrú ar Aonad Straitéise HR mar fhreagra ar dhúshláin casta agus éagsúil a thagann as na hathruithe seo, sa chéad ráithe den bhliain, agus tá sé ag oibriú anois trasna trí réimse ceantair: *Oibríochtaí HR, Forbairt Eagraíochtúil agus Comhpháirtíocht Gnó HR.*

Tá feidhmeanna sruthlínithe ag an struchtúr athchóirithe agus chuir ar chumas Aonad Straitéise HR cruth níos gairmiúla a chur ar an tseirbhís HR, ag soláthar tacaíochta do chaidreamh tionscal/fostaí níos éifeachtaí ar an mbealach sin agus ag an am céanna ag déanamh forbartha freisin ar straitéis nua foghlama agus forbartha agus ag bainistiú clár suntasach earcaíochta agus roghnaithe.
Leagtar amach sna codanna seo a leanas go gonta roinnt de príomhéachtaí an Aonaid Straitéise HR trasna a thrí réimse feidhme le linn na bliana 2014:

**Comhpháirtíocht Gnó HR**
Bunaíodh an fheidhm Chomhpháirtíochta Gnó (BP) agus rinneadh forbairt uirthi trasna na Roinne, ag cruthú seasamh di féin mar sheirbhís sainchomhairleoireachta/comhairleach a chuireann ar chumas na bainistíochta sinsearaigh leas a bhaint aisti mar is gá. Mar chuid den ról comhairleach seo, thacaigh an t-aonad le bainistíocht líne ó thaobh forbairt a dhéanamh ar chur chuige níos láidre agus níos forghníomhaí i leith bainistíocht feidhmíochta chun cuidiú leis an méid is fearr is féidir a fháil ón fhoireann.

Tá cur chuige níos comhordaithe i leith soghluaiseachta tugtha isteach le feabhas a chur ar dheiseanna forbartha gairme don fhoireann agus ag an am céanna ag cruthú fórsa saothair atá níos solúbtha agus níos soghluaiste agus ag cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as na scileanna agus as na hacmhainní atá ar fáil. Bhí sraith gluaiseachtaí mar bhonn taca leis an gcur chuige seo lena raibh baint ag 10% den fhoireann ag leibhéal Príomhoifigeach Cúnta, sa chuid deiridh den bhliain.

Tá sraith chuimsitheach seirbhísí curtha ar fáil chun tacaíocht a thabhairt d'Oifigí Seirbhísí Comhroinnte, don OGP agus don OGCIO de réir mar a théann siad trína gcéim thionscnaimh agus go mbeidh siad bunaithe go hiomlán.

Bhí fócas leanúnach ar chur le caidreamh torthúil i gcúrsaí HR trí mheicníocht fhoirmiúil Chomhairle na Roinne agus trí rannpháirtíocht leanúnach le taobh na foirne araon.

**Oibríochtaí HR**

Tá an tábhacht a bhaineann leis an fheidhm earcaíochta agus roghnaithe thar a bheith suntasach nuair atá an Roinn i mbun seachadta ar chlár athchóirithe dúshlánach agus ag tógáil isteach líon mór foirne as an Státseirbhís agus as an tseirbhís phoiblí. Chuir an Roinn 342 le líon na foirne sa bhliain 2014 (ó 554 go 897). Ghlac formhór na foirne seo le poist i réimsí na seirbhísí comhroinnte (*PeoplePoint* agus sa tSeirbhís Comhroinnte Párolla) agus san Oifig um Sholáthar Rialtais nua-bhunaithe.

Seoladh clár Ionduchtúcháin nua Roinne i mí an Mhárta agus reáchtáladh seacht seisiún sa bhliain 2014 do 105 duine den fhoireann. Reáchtáladh seisiúin ionduchtúcháin réigiúnach d'fhoireann na Seirbhíse Comhroinnte Párolla i gCill Airne agus sa Tulach Mhór.

B'ionann seoladh *SharePoint* (láithreán roinnte eolais) agus forbairt thábhachtach sa bhliain 2014. Cuireann *SharePoint* rochtain thapa agus éasca ar fáil don fhoireann ar na forbairtí HR is déanaí, lena n-áirítear folúntais, deiseanna foghlama agus forbartha agus roinnt comhairle phraiticiúil.

**Forbairt Eagraíochtúil**

D'fhreastail os cionn 670 den fhoireann ar cheann amháin nó níos mó de na hidirghabhálacha foghlama agus forbartha chun oideachas iar-iontrála, cláir oiliúna ginearálta, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tionscnaimh sláinte agus folláine a chlúdach. Lean an Fóram Bainistíochta Feidhmíochta agus Ceannaireachta le comhairle agus tacaíocht a thairiscint don tsraith idirghabhálacha foghlama agus forbartha a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2014.

Chomhlánaigh Scéim Oideachais Iariontrála cuimsitheach na hidirghabhálacha foghlama agus forbartha a thacaigh le 41 den fhoireann atá i mbun cláir acadúla a leanúint i ndisciplíní difriúla, lena n-áirítear, airgeadas, gnó agus eacnamaíocht, HR, anailís bheartais agus staidéar dlí, córais agus staitisticí eolais. Reáchtáladh fáiltiú Oideachais Iariontrála freisin le moladh a thabhairt do agus comhghairdeas a dhéanamh leis an fhoireann siúd a bhain amach cáilíochtaí acadúla éagsúla sna blianta ó bunaíodh an Roinn sa bhliain 2011.

Tá forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) mar chomhpháirt phríomha ó thaobh cur le scileanna na foirne agus cur lena ngairmiúlacht. Rinneadh éascú ar an CPD i ngach rannóg den Roinn le freastal ar sheimineáir, ar chomhdhálacha, ar chláir oiliúna poiblí atá gearr agus ar shuibscríbhinní do chomhlachtaí gairmiúla.

Seoladh an *ONE HR Learning and Development Strategy 2015-2017* sa bhliain 2014. Tá sé mar chuspóir foriomlán aici sraith de thionscnamh foghlama agus forbartha a chur i bhfeidhm atá ailínithe go hiomlán le cuspóirí gnó na Roinne. Cuirfidh sé sin deiseanna ar fáil don fhoireann ar fad le forbairt a dhéanamh agus lena lán-acmhainneacht a bhaint amach.

**Tacaíocht Chorparáideach**
D'oibrigh an tAonad Tacaíochta Corparáidí, atá faoin COO freisin leis an OGCIO le forbairt agus tástáil a dhéanamh ar chóras ríomhPQ a chuaigh amach beo i mí Eanáir. Seoladh córas ríomh Aighneachtaí i mí an Mheithimh 2014. Chuidigh an CSU leis an OGCIO leis an bpróiseas forbartha, rinne bainistiú ar an gcéim thástála lena chinntiú gur oibrigh an córas, chruthaigh lámhleabhair úsáideora do gach úsáideoir atá ar fáil ar an Inlíon agus chuidigh leis an OGCIO maidir le seisiúin eolas don fhoireann go léir. D'oibrigh an CSU, ón dáta seolta, Deisce Cabhrach ríomhAighneachta na Roinne. Chumasaigh siad sin feabhsúcháin shuntasacha táirgiúlachta. Sheol an CSU Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí 2014-2016 freisin, rinne forbairt ar Scéim Teanga don Roinn agus rinne próiseáil ar líon mór iarratas FOI i measc feidhmeanna corparáideach lárnacha leanúnacha eile.

**Rialachas**
Bunaíodh Fochoiste Rialachais an Bhoird Bainistíochta sa bhliain 2014. Thacaigh an Grúpa Oibre Rialachais lena chuid gníomhaíochtaí agus bhí ionadaithe ann ó gach rannóg laistigh den Roinn.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir ar aitheantas, measúnú, bainistíocht agus tuairisciú riosca oifig an Phríomhoifigigh Oibríochta, chuidigh an dá chomhlacht rialachais seo le feabhsúchán a bhaint amach in athbhreithniú rátála Iniúchóireachta Inmheánaigh bainistíochta riosca na Roinne.

Bhí an dá chomhlacht rialachais bainteach freisin le Ráiteas Straitéise na Roinne a ullmhú don tréimhse 2015-2017, as pleanáil gnó do 2014 agus as tuairisciú ar dhul chun cinn do 2013 agus 2014.

Rinne oifig an Phríomhoifigigh Oibríochta (COO), faoi threoir Fhochoiste Rialachais an Bhoird Bainistíochta, forbairt ar chreataí do Rialachas agus do Chomhlíontacht laistigh den Roinn, lena n-áirítear cosaint sonraí agus sláinte agus sábháilteacht.

**Dearbhú a sholáthar don Ard-Rúnaí: Iniúchóireacht Inmheánach agus AE**
Thug an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh agus AE chúig Thuarascáil Iniúchóireachta Inmheánach chun críche don Roinn seo le linn na bliana 2014. Bhí moltaí maidir le gnéithe éagsúla a bhí ríthábhachtach ó thaobh an ghnó de phróisis na Roinne mar thoradh orthu sin ar fad. Sa bhreis air sin, chuir an tAonad tacaíocht shuntasach ar fáil d'fhorbairt réimeas iniúchóireachta forleathan agus láidir ar fud na gclár Seirbhísí Comhroinnte atá á bhforbairt, a bhaineann go príomha leis an HRSSC (*PeoplePoint*) agus le seirbhísí comhroinnte párolla. Ar deireadh, maidir leis sin agus mar chuid de shocrú Iniúchóireachta Inmheánach na Seirbhíse Comhroinnte, thug an tAonad roinnt tascanna Iniúchóireachta Inmheánaigh chun críche don Roinn Airgeadais.

Maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, thug an tAonad faoi 76 iniúchóireacht oibríochta agus córais sa bhliain 2014 maidir le babhta maoinithe 2007-13. Cuireadh na Tuarascála Rialaithe Bliantúla gaolmhara do gach clár ERDF (an Deiscirt agus an Oirthir agus na Teorann, Lártíre agus an Iarthair agus na hÉireann/na Breataine Bige) faoi bhráid Choimisiún an AE faoi dheireadh mhí na Nollag 2014.

Lean foireann an Aonaid le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i ndúnadh babhta maoinithe 2000-2006 le linn na bliana 2014. Le linn na bliana 2014, d'íoc an Coimisiún Eorpach an t-iarmhéid de €63.5m a bhí ag seasamh amach agus a bhain leis an gClár Oibriúcháin Infrastruchtúir Eacnamaíochta agus Sóisialta 2000-2006. Sa bhreis air sin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le dúnadh chlár na Teorann, Lártíre agus an Iarthair 2000-06, agus táimid ag súil le gnóthachan breise a bhaint amach sa todhchaí maidir leis na Cláir Oibriúcháin oscailte atá fanta.

## 13. Oifig an Phríomhoifigigh Leighis

Is é misean Oifig an CMO seachadadh a dhéanamh ar sheirbhís sláinte ceirde atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais chomh maith le comhairle bheartais maidir le cúrsaí sláinte cheirde don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí. Feidhmíonn Roinn Sláinte Ceirde na Státseirbhíse (CSOHD) laistigh d'oifig an CMO agus déanann seachadadh ar na seirbhísí sin. Baineann Sláinte Cheirde le conas a bhíonn tionchar ag sláinte oibrithe ar a cumas/ar a chumas a bpost a dhéanamh, agus conas is féidir le hobair agus leis an timpeallacht oibre tionchar a bheith acu ar shláinte an oibrí.

Cuirtear seirbhís sláinte cheirde agus ionchur beartais ar fáil don Státseirbhís, ar fud 55 oifig agus roinn rialtais agus do 14 príosún ar fud na tíre. Cuimsíonn sé sin Státseirbhísigh, oifigigh príosúin, fostaithe tionsclaíoch stát agus fostaithe tionsclaíoch cosanta a thagann go dtí 38,000 ar an iomlán. Cuirtear seirbhísí sláinte cheirde ar fáil freisin d'eagraíochtaí leathstáit neamhthráchtála roghnaithe. Sa bhreis air sin, tugtar comhairle leighis réamh-fhostaíochta don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le poist HSE agus Údarás Áitiúil. Ba bhliain ghnóthach a bhí sa bhliain 2014, tráth ar dhéileáil an oifig le beagnach 10,000 eachtra cliant, lena n-áirítear córas bainistithe cáis, imdhíontaí, closghraim agus scagthástáil sláinte.

Tá an CMO bainteach go gníomhach i gcuidiú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis an líonra oifigigh pearsanra agus leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát maidir le saincheisteanna éagsúla beartais. B'ionann Socruithe nua do Shaoire Bhreoiteachta le hÍocaíocht 2014 agus ualach suntasach oibre. Bhí cuidiú le hAcmhainní Daonna DPER chun comhdhlúthú a dhéanamh ar os cionn 15 chiorclán a bhaineann le hobair agus le sláinte i gceist leis sin, agus bhí roinnt acu sin os cionn 50 bliain d'aois.

Leagan socruithe saoire bhreoiteachta nua na seirbhíse poiblí seo amach bainistíocht chuí neamhláithreacht saoire bhreoiteachta, tugann mionsonraí ar thréimhsí ama laghdaithe nua do neamhláithreacht saoire bhreoiteachta agus cuireann leathnú ar saoire bhreoiteachta d'fhostaithe le tinneas criticiúil. Chuidigh an CMO go gníomhach leis an DPER maidir le tabhairt isteach na n-athruithe seo sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí araon, lena n-áirítear rannpháirtíocht i bpróiseas na Cúirte Oibreachais/an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.

I mí Lúnasa na bliana 2014, d'aistríomar ón oifig ina rabhamar le fada i Sráid Fhreidric Theas go dtí Sráid an Rí Thuaidh i Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Tá clinic atá thar a bheith nua-aimseartha ag an Roinn anois le bealach isteach do dhaoine faoi mhíchumas agus tá an oifig gar do cheangail iarnróid agus do cheangal LUAS.

Tá forbairt déanta ag Oifig an CMO ar láithreán gréasáin nua atá cothrom le dáta. Déanann sé seo cur síos mion ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn, cur i láthair don fhoireann leighis chomh maith le liosta de Cheisteanna a Chuirtear go Minic (FAQs). Is féidir féachaint ar a láithreán ag www.cmo.gov.ie.